IPA
INSTITUTE OF PUBLIC ADMINISTRATION
AN FORAS RIARACHÁIN

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2023

IPA
An Foras Riaracháin
Institute of Public Administration

57- 61 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath D04 TC62

T + 353 1 240 3600
F + 353 1 668 9135
information@ipa.ie


www.ipa.ie

# Codanna

| | | |
|---|---|---|
| 01. | Ráiteas an Chathaoirligh | 4 |
| 02. | Athbhreithniú an Ard-Stiúrthóra | 7 |
| 03. | Ár mBord agus Coistí Gaolmhara | 14 |
| 04. | Ár nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí | 17 |
| 05. | 2023 – Sracfhéachaint ar Fheidhmíocht | 20 |
| 06. | Feidhmíocht: An tEolas is Déanaí ó na Rannóga | 23 |
| | 6.1 Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker | 24 |
| | 6.2 Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise | 26 |
| | 6.3 Oiliúint | 27 |
| | 6.4 Taighde agus Foilseacháin | 33 |
| | 6.5 Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha | 35 |
| 07. | Ár gCliaint agus ár gComhpháirtithe | 37 |

# 01. Ráiteas an Chathaoirligh

Inniúlacht agus Cumas a Thógáil le Freastal ar Riachtanais Sheirbhís Phoiblí na hÉireann sa Todhchaí trí Fhás Bunathraitheach an Fhorais Riaracháin



Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil an Fhorais Riaracháin don bhliain 2023. Tá áthas orm arís an Tuarascáil Bhliantúil a roinnt. Is deis é seo sos a ghlacadh agus ár machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar éachtaí a rinneadh le linn 2023, agus féachaint chun cinn ar phleananna amach anseo ag an am céanna.

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2023 de chuid an Fhorais Riaracháin. Is cúis áthais dom uair eile an Tuarascáil Bhliantúil a roinnt, ar deis í sos a ghlacadh agus machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar an méid a baineadh amach le linn 2023 agus mé ag breathnú chun cinn ar phleananna don am atá romhainn.

Le linn 2023, lean an Foras Riaracháin, faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPENDR), ag comhlíonadh a shainchúraim maidir le seirbhísí luachmhara foghlama agus forbartha a sholáthar d'fhórsa saothair na Seirbhíse Poiblí. Tá an straitéis fhaofa *A New Era of Learning: Strategy 2022–2027,* curtha chun cinn ag an bhForas, straitéis ina leagtar amach uaillmhian an Fhorais i gcomhréir leis an *Straitéis 2030 um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí* agus na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an bhForas sa chomhthéacs seo.

## Cúlra

Tá feidhmíocht 2023 an Fhorais curtha i gcrích i gcomhthéacs cúrsaí domhanda éiginnte agus éagobhsaí níos leithne a mbíonn tionchar go maith áitiúil acu. I measc na dtosca tá:

- an tsamhail oibre hibrideach a chomhdhlúthú agus éileamh méadaitheach ar dhigitiú agus ar bhealaí nua solúbtha oibre;
- leanúint leis na coinníollacha iomaíocha sa mhargadh saothair a chuireann isteach ar leibhéil iontrála agus leibhéil choinneála araon ar fud na Seirbhíse Poiblí;
- cur chun cinn IS agus digitiú na seirbhísí poiblí ar bhonn níos leithne ag cur éilimh ar an ngá atá le huasoiliúint chun leas a bhaint as tairbhí na teicneolaíochta;
- béim ag méadú ar spriocanna an rialtais maidir le gníomhaíocht aeráide agus inbhuanaitheacht a bhaint amach; agus
- timpeallacht gheopholaitiúil atá ag éirí níos éiginnte mar gheall ar choinbhleacht san Eoraip agus sa Mheánoirthear.

Leanann castacht i soláthar seirbhísí poiblí in Éirinn ag méadú chun freastal ar na hathruithe suntasacha déimeagrafacha in Éirinn agus ar mhéid agus ar raon na seirbhísí a theastaíonn le haghaidh riachtanas daonra ilghnéithigh atá ag méadú. Leanann an t-éileamh ar chomhordú seirbhísí ar fud eagraíochtaí agus leibhéil rialtais, digitiú seirbhísí, agus cianobair agus foghlaim ar aghaidh go gasta. Tá Éire ag athrú go tapa, mar is léir ón bhfás daonra tuartha (5.2 milliún faoi 2031), an céatadán níos mó den daonra os cionn seasca cúig bliana d'aois agus inimirce leanúnach, rud atá ag cruthú éileamh ar thithíocht, cúram sláinte agus bonneagar. Is é an dúshlán atá faoin tSeirbhís Phoiblí ná lucht saothair a fhorbairt a mbeidh an inniúlacht agus an cumas aige freastal ar riachtanais éagsúla an daonra atá ag athrú, mar atá siad faoi láthair agus mar a bheidh siad amach anseo.

Tá *an Straitéis um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030,* a foilsíodh go foirmiúil in 2023, ag brath ar chumas an lucht saothair a fhorbairt chun freastal ar raon dúshlán tábhachtacha straitéiseacha. Áirítear orthu sin digitiú méadaithe agus príomhthosaíochtaí rialtais (m.sh. athrú aeráide, tithíocht, cúram sláinte). Ag an am céanna táthar ag feidhmiú i margadh saothair iomaíoch agus ag maolú cailliúint an chumais atá ann faoi láthair mar gheall ar leibhéil shuntasacha scoir i measc fostaithe na seirbhíse poiblí a bhfuil taithí acu.

Is comhpháirtí straitéiseach ríthábhachtach é an Foras don tSeirbhís Phoiblí maidir le dea-rialtas a chur chun cinn agus a éascú trí fhorbairt foghlama agus ceannaireachta. Áirítear ar shainchúram an Fhorais na hearnálacha rialtais láir agus áitiúil, chomh maith le hearnáil na gcomhlachtaí stáit níos leithne agus earnáil na ngníomhaireachtaí, a leanann ar aghaidh ag glacadh le deiseanna le haghaidh athchóirithe, nuálaíochta agus bealaí nua oibre. Le lucht saothair de bhreis is 400,000 duine, aithníonn an rialtas, an DPEDR (Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe) agus an Foras Riaracháin go bhfuil tógáil na hinniúlachta agus an chumais ina thoisc ríthábhachtach chun rath a bhaint amach maidir le déileáil leis an an dúshlán ó thaobh daoine, scileanna agus acmhainní de chun an *Straitéis 2030 um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí a chumasú.* Ba mhór an fhorbairt le linn 2023 é treisiú na comhpháirtíochta idir an Foras Riaracháin agus an DPEDR, rud a réitigh an bealach le haghaidh claochlaithe san bhForas Riaracháin agus sa tSeirbhís Phoiblí araon.

## A New Era of Learning: Strategy 2022–2027

Tá straitéis an Fhorais Riaracháin leagtha amach i*A New Era of Learning: Strategy 2022–2027*. Sonraíonn sé seo freagairt an Fhorais maidir le freastal ar riachtanais státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha na seirbhíse poiblí; tacaíochtaí a chur ar fáil chun an tSeirbhís Phoiblí a neartú agus í ag déileáil le saincheisteanna leathana casta atá ag teacht chun cinn, amhail athrú aeráide agus inbhuanaitheacht; agus a chlár oibre don chlaochlú a chur chun cinn le cur ar a chumas freagairt go héifeachtach d'éilimh na Seirbhíse Poiblí amach anseo. Leanann an Bord ag aithint go bhfuil leibhéal riosca suntasach ag baint le cur i bhfeidhm na straitéise seo. Déantar athbhreithniú leanúnach ar na spriocanna agus cuspóirí, mar a léireofar in Athbhreithniú an Ard-Stiúrthóra anseo thíos, agus déantar measúnú agus tuairisciú ar dhul chun cinn go rialta. Mar thaca leis sin, d'fhaomh an Bord scor an Choiste Riaracháin roimhe seo agus chruthaigh sé Fochoiste Boird nua, an Coiste um Chlaochlú, i mBealtaine 2023. Tá Téarmaí Tagartha athbhreithnithe aige seo.

Dhírigh an Bord freisin ar bhunathrú níos leithne an Fhorais mar phríomhthosaíocht do 2023 chun a chinntiú go bhfuil an eagraíocht oiriúnach don fheidhm agus í ag tabhairt faoina cuspóirí straitéiseacha. Is cúis áthais dom an dul chun cinn suntasach a rinneadh i mbliain inar tharla mórchuid athraithe laistigh de struchtúr reatha na heagraíochta, de bhreis ar sheirbhísí nua a chur ar fáil; leithdháil an DPEDR freagracht ar an bhForas as forbairt ceannaireachta sinsearaí agus seirbhísí foghlama ar líne a sholáthar trí Senior Public Service agus OneLearning. Chuir an Bord go leor ama isteach ag obair leis an Ard-Stiúrthóir agus leis an bhfeidhmeannas chun a chinntiú gur tharla aistriú na seirbhísí seo ar bhealach pleanáilte, críochnúil agus faoi chomhairliú leis an bhfoireann agus leis na príomhpháirtithe leasmhara a bhí i gceist. Cuirtear na sonraí ar fáil in Athbhreithniú an Ard-Stiúrthóra thíos agus tá an Bord sásta leis an obair fhairsing a rinneadh in 2023 maidir leis seo.

## Athruithe ar an mBord le linn 2023

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Pamela Byrne, an Dr Colm Henry, Tim Lucey, David Moloney agus Pat Naughton, a chuaigh ar scor le linn 2023. Tugaim aitheantas agus meas dá rannchuidiú suntasach leis an mBord le linn a dtéarmaí oifige agus i ndáil leis an mbunschloch a chur d'aistear claochlaithe an Fhorais Riaracháin.

## Rialachas

Tá ról lárnach ag an bhForas maidir le dea-rialtas a chur chun cinn agus a éascú. Tá sé mar aidhm againn oideachas agus eolas a thabhairt, dea-chleachtais a chur chun cinn, idirphlé agus díospóireacht a spreagadh, agus naisc a chruthú ar fud na Seirbhíse Poiblí chun córas riaracháin phoiblí na hÉireann a fheabhsú ar mhaithe le saoránaigh na hÉireann. Sa chomhthéacs seo, tá creat rialachais dlí agus rialála casta ag an bhForas. Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é, comhlacht ainmnithe le stádas carthanachta agus tá sé ag feidhmiú faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (DPEDR). Ina theannta sin, mar choláiste creidiúnaithe de chuid Ollscoil na hÉireann (OÉ), is soláthraí bailíochtaithe agus faofa cúrsaí agus clár creidiúnaithe agus gairmiúla, chomh maith le cúrsaí de chuid chomhlachtaí gairmiúla náisiúnta agus idirnáisiúnta é an Foras Riaracháin.

Tá creataí láidre um dhearbhú bainistíochta agus córais tacaíochta ag an bhForas ar fud na heagraíochta, a ndéanann an Bord agus Coistí Boird maoirsiú agus monatóireacht orthu. Déantar iad seo a chomhlánú tuilleadh le hobair na soláthraithe árachais tríú páirtí, na hiniúchta inmheánaí, agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Is féidir liom a dheimhniú gur chomhlíon an Foras Riaracháin a chuid oibleagáidí airgeadais agus cánachais le linn 2023.

## Buíochas

D'fheidhmigh an Foras Riaracháin go tréan in 2023 agus bhain sé leas as foireann a bhí thar a bheith cumasach, proifisiúnta agus tiomanta a fhostú, chomh maith le comhlacht láidir comhpháirtithe. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Helen Brophy, an tArd-Stiúrthóir, a léirigh, in éineacht lena Grúpa Bainistíochta Sinsearach, ceannaireacht láidir le linn 2023. Gabhaim buíochas leis an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí chomh maith le gach ball foirne agus lenár gcomhpháirtithe go léir as a ngairmiúlacht, a dtiomantas agus a ndúthracht i soláthar ár seirbhísí ardchaighdeáin.

Gabhaim buíochas freisin leis an 19,000 fostaí na seirbhíse poiblí a bhain leas as ár gcuid clár foghlama agus forbartha in 2023 agus iad ag ghnóthú cáilíochtaí agus creidiúnaithe gairmiúla, agus leo siúd a bhfuil a gcuid teagmhálacha tógtha acu trí bheith páirteach inár n-imeachtaí nó trínár seirbhísí cliant a lorg.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sa DPENDR as a gcomhpháirtíocht agus a dtacaíocht leanúnach, agus lenár bpáirtithe leasmhara in earnálacha an rialtais áitiúil/láir agus san earnáil chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit go ginearálta.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do chomhaltaí an Bhoird agus do Choistí an Bhoird as a dtacaíocht dom agus a dtiomantas don bhForas Riaracháin agus a chuid oibre, go háirithe le linn na tréimhse claochlaithe seo. Ba bhliain fíorthábhachtach í 2023 agus aithním an sáriarracht a rinne comhaltaí an Bhoird san am a cuireadh isteach i rith na bliana ar chinntí suntasacha a glacadh. Táim ag tnúth le leanúint ag obair leo agus sinne ag dul ar aghaidh le haistear claochlaithe an Fhorais in 2024.

## Ag féachaint go dtí 2024

Ag féachaint amach romhainn, táimid ag díriú ar leanúint lenár gclár oibre um chlaochlú a chur chun cinn, ag eagrú an Fhorais chun é féin a oiriúnú do sheachadadh an chláir oibre straitéisigh agus do na tosaíochtaí lucht saothair a aithníodh sa *Straitéis 2030 um Chlaochlú na Seirbhísí Poiblí*. Is í ár bhfís ná a bheith mar lárionad sármhaitheasa in Éirinn maidir le hacmhainn agus cumas a thógáil ar fud na Seirbhíse Poiblí. Díreoimid ar an ionad sármhaitheasa seo a fhorbairt, ag freastal ar an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí níos leithne ón taobh istigh den bhForas Riaracháin.



**George Burke**
Cathaoirleach

# 02. Athbhreithniú an Ard-Stiúrthóra

Ag Bogadh ar Aghaidh go Ré Nua Foghlama i mBliain Claochlaithe sa bhForas



Fáilte chuig ár n-athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn an Fhorais do 2023.

Ba bhliain shuntasach í 2023 don bhForas maidir le bunshraith agus an móiminteam a fhorbairt agus a thógáil don chlaochlú atá ag croílár na hoibre chun straitéis cúig bliana an Fhorais Riaracháin a chumasú. Agus an turas seo á chumasú, bhí sé ríthábhachtach freisin leanúnachas na seirbhísí foghlama agus forbartha a chothú dár bpáirtithe leasmhara go léir.

Ós rud é gur ceapadh mé go déanach in 2022, is ionann 2023 agus mo chéad bhliain iomlán mar Ard-Stiúrthóir an Fhorais. Is cúis áthais dom an t-eolas nua seo a roinnt, thar ceann an Bhoird, na foirne bainistíochta agus fhoireann an Fhorais Riaracháin. Tugtar breac-chuntas ann ar dhul chun cinn suntasach san obair claochlaithe, obair a theastaíonn chun ár straitéis chomhaontaithe a chumasú, mar aon le gnóthachtálacha seachadta seirbhíse do 2023. Léiríonn an t-eolas nua gnó go bhfuil seachadadh na seirbhíse ag leanúint ar aghaidh agus go bhfuil claochlú na heagraíochta á fhorbairt agus á chur chun cinn ag an am céanna.

Go déanach in 2022 forbraíodh ***A New Era of Learning: Strategy 2022–2027*** trí rannpháirtíocht shuntasach páirtithe leasmhara agus d'fhaomh Bord an Fhorais Riaracháin é ina dhiaidh sin. Leagann sé amach an uaillmhian straitéiseach, an fhís agus na tosaíochtaí chun an Foras Riaracháin a shuíomh mar lárionad sármhaitheasa na hÉireann maidir le hacmhainn agus cumas a thógáil ar fud na Seirbhíse Poiblí. Is í an straitéis forbartha foghlama agus ceannaireachta freagairt an Fhorais do na dúshláin chasta atá le sárú ar fud na Seirbhíse Poiblí. Is é ár **misean** tuiscint, caighdeán agus cleachtas an riaracháin phoiblí agus an bheartais phoiblí a chur chun cinn agus tacú lenár n-oibrithe sa tSeirbhís phoiblí a gcumas agus a n-inniúlacht a fhorbairt le seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh na hÉireann. Is iad ár gcuid **luachanna** a threoraíonn ár n-iompraíochtaí agus ár ngníomhartha: Ionracas, a bheith ag díriú ar an gCliant agus a bheith Freagrúil, Oscailteacht agus Cuntasacht, Muinín agus Meas, Nuálú agus Foghlaim, a bheith faoi threoir Taighde agus faoi threoir Cleachtais.

Foilsíodh ***Better Public Services – Public Service Transformation 2030 Strategy (Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis 2030 um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí)*** i mBealtaine 2023 ag an DPEDR. Leagann an straitéis seo amach an uaillmhian agus an treochlár chun soláthar Seirbhíse Poiblí cuimsitheach, ardchaighdeáin agus comhtháite a fhorbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais mhuintir na hÉireann agus a fheabhsaíonn a saol. Tá forbairt cumais, inniúlachta agus comhoibrithe ar fud na Seirbhíse Poiblí i gcoitinne, trí sheirbhísí foghlama agus forbartha nach bhfuil a sárú ann, ina cuid bhunúsach den uaillmhian sin.

Ina leith seo, tá ról lárnach ag an bhForas maidir le forbairt an Fhorais Riaracháin a threorú mar ionad barr feabhais d'fhoghlaim agus d'fhorbairt don tSeirbhís Phoiblí de réir sprioc na straitéise seo. Go háirithe, tá ról agus seirbhísí an Fhorais ar aon dul leis an trí réimse ar tugadh tosaíocht dóibh laistigh den Chreat um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030, agus béim ar leith ar thacú leis na tosaíochtaí straitéiseacha a aithníodh faoin bhFórsa Oibre agus Eagrú na Todhchaí – féach Fíor 1.


Agus é ag aithint an gá atá le claochlú an Fhorais Riaracháin chun an uaillmhian seo a bhaint amach, chuir an Foras clár oibre claochlaithe suntasach ar bun in 2023 i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara. Díríodh in 2023 ar na bunsraitheanna a fhorbairt agus a chur síos le haghaidh claochlaithe tríd an Foras agus a chuid seirbhísí a atheagrú. Roinntear níos mó faoin gcur chuige agus faoin dul chun cinn atá déanta faoi na ceannteidil atá le teacht – féach Céim 1 Cur i bhFeidhm na Straitéise, Clár Claochlaithe agus Comhtháthaithe na hEagraíochta.

D'éirigh leis an bhForas feidhmíocht láidir oibriúcháin a bhaint amach in 2023 agus é ag dul chun cinn ar aistear an chlaochlaithe freisin. Seachadadh a réimse leathan seirbhísí foghlama, forbartha agus taighde do pháirtithe leasmhara na Seirbhíse Poiblí. Baineadh leas chuige seo as cumas agus suíomh uathúil an Fhorais in Éirinn.

Ag an am céanna, cuireadh tús le clár tábhachtach claochlaithe chun oibriú i dtreo lárionad sármhaitheasa na todhchaí don tSeirbhís Phoiblí níos leithne a mhúnlú. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar sheirbhísí reatha an Fhorais, rinneadh dul chun cinn ar athstruchtúrú na heagraíochta a shonraítear faoin chuid dar teideal Claochlú na hEagraíochta anseo thíos. Ina theannta sin, bhíomar i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun aistriú agus comhtháthú na seirbhísí foghlama agus forbartha a bhíodh á mbainistiú ag an DPEDR roimhe seo do na rannpháirithe ón Státseirbhís chuig an bhForas Riaracháin a chur chun cinn.

Sula mbreathnóidh mé ar an eolas nua gnó, ba mhaith liom mothú a roinnt a bhaineann leis an dul chun cinn in 2023 faoi chur i bhfeidhm na straitéise agus thart ar an mbunsraith a cuireadh síos trí chláir um chlaochlú agus comhtháthú. Tá siad seo ag an gcroílár maidir leis an bhForas a bhunú go héifeachtach, a bheith oiriúnach don fheidhm agus go seasfaidh sé an aimsir ionas go gcumasóidh sé seachadadh agus fás in 2024 agus ina dhiaidh sin.

**Soláthar Seirbhíse Poiblí ionchuimsitheach, ar ardchaighdeán agus comhtháite a riarann ar riachtanais agus a fheabhsaíonn saol mhuintir na hÉireann.**




**Fíor 1: Creat um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030 *(Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030)***

Imríonn an timpeallacht dhomhanda níos leithne tionchar suntasach ar thosaíochtaí rialtas na hÉireann. Tá castacht agus dúshláin ag dul i méid maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar in Éirinn agus san Eoraip. Lean an neamhchinnteacht agus an éagobhsaíocht atá ag méadú san Eoraip, sa Mheánoirthear agus ar fud an domhain ag dul i bhfeidhm ar imirce ó chogadh, ó ghorta agus ó athrú aeráide. Chuir an éagobhsaíocht seo, mar aon leis na géarchéimeanna fuinnimh agus costais mhaireachtála, le timpeallacht chasta a imríonn tionchar ar thosaíochtaí an rialtais lena n-áirítear tithíocht, cúram sláinte agus gníomhaíocht aeráide. Tá príomhdhúshlán ann fós maidir le forbairt na n-acmhainní atá ag teastáil anois agus amach anseo, chomh maith lena chinntiú gur fostóir tarraingteach is rogha le daoine í an tSeirbhís Phoiblí i margadh saothair atá thar a bheith iomaíoch i gcónaí.

Faoi choimirce an DPENDR, d'fhéach an Foras le comhoibriú a neartú chun an cur chuige straitéiseach a thógáil a shuífidh an Foras in áit nua mar ionad barr feabhais d'fhoghlaim ghairmiúil, agus d'fhorbairt ceannaireachta don tSeirbhís Phoiblí nach bhfuil a sárú ann. Faoi Chomhaontú nua um Sheachadadh Feidhmíochta leis an Roinn, ba chloch mhíle thábhachtach í 2023 maidir le hathshamhlú na seirbhísí a chuireann an Foras Riaracháin ar fáil chun freastal ar chuspóirí níos leithne na *Straitéise 2030 um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí*. Is féidir achoimre ghairid a dhéanamh ar na forbairtí go dtí seo mar seo a leanas.

## Céim 1 Cur i bhFeidhm na Straitéise

Sheol an tAire Caiteachais Phoiblí, Seachada agus Athchóirithe, an tUasal Michael McGrath, TD Straitéis cúig bliana an Fhorais, dar teideal ***A New Era of Learning: Strategy 2022–2027,*** go hoifigiúil i mí na Nollag 2022. Tar éis an tseolta, is é a bhí i gceist le forbairt phlean cur chun feidhme na straitéise ná treoirphlean straitéiseach a fhorbairt, rud ar cuireadh tús leis le lá straitéise don bhfoireann i mí Eanáir 2023. Ba é an toradh a bhí air sin ná cáipéis phleanála cur chun feidhme ina leagadh amach ocht bpríomhréimse toraidh déag, sruthanna oibre gaolmhara, seaimpíní agus amlínte.

Roinntear an tréimhse 2023–2027 sa phlean cur chun feidhme seo ina dhá phríomhchéim (Céim 1 agus Céim 2) thar thréimhse na straitéise agus tá beartaithe athbhreithniú meántéarma a dhéanamh in 2025. Sa straitéis imlínítear ceithre phríomhchuspóir de réir phríomhtháscaire feidhmíochta (KPI) agus plean méadrachta gaolmhar.

Baineann Céim 1 den phlean cur chun feidhme leis an tréimhse 24 mhí, Márta 2023 go Márta 2025. Roinntear i gceithre thimthriall (Timthriall 1-4) sé mhí an ceann í chun an tréimhse dhá bhliain seo a chlúdach. Cuireadh an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn an fheidhmithe faoi bhráid an Bhoird i mí na Samhna. Léirigh sé seo gur cuireadh chun cinn dhá cheann déag de na hocht bpríomhréimse toraidh déag laistigh de Thimthriall 1. Ar an dul céanna, tuairiscíodh go raibh na Príomhtháscairí Feidhmíochta agus na méadrachtaí gaolmhara ar an mbóthar ceart don tréimhse.

Faoi mar atá le straitéis ar bith a bhaineann le treo nua a leagan síos, tá an chéad bhliain forfheidhmithe seo ríthábhachtach chun céim tosaigh an bhunaithe a chur sa tsiúl, agus tá an Foras i riocht maith anois chun leanúint leis an dul chun cinn seo in 2024 agus ar aghaidh. Is teist é seo ar thiomantas agus iarrachtaí fhoireann uile an Fhorais Riaracháin agus an Foras ag claochlú go dtí go mbeidh sí in ann an aimsir a sheasamh agus oiriúnach don fheidhm chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais agus ar éilimh na Seirbhíse Poiblí atá ag dul i méid an t-am ar fad.

Díríodh go leor den obair a baineadh amach in 2023 ar ghníomhartha inmheánacha agus lorgaíodh méid mór comhairliúcháin agus aiseolais ó pháirtithe leasmhara ina leith seo. Tá sé beartaithe, de réir mar a leanann an Foras Riaracháin ar aghaidh leis an obair seo, go mbeidh an fhianaise agus an tionchar i bhfad níos soiléire, go háirithe de réir mar a neartófar cumarsáid agus feasacht ar sheirbhísí an Fhorais Riaracháin.

## Claochlú na hEagraíochta

Chomh maith leis an obair a rinneadh ar an straitéis, ba in 2023 freisin a cuireadh tús le clár suntasach claochlaithe an Fhorais. Sainmhíníonn an clár seo príomhthionscadail chlaochlaithe faoi cheithre phríomhcholún:

1. Rialachas;
2. Daoine;
3. Infrastruchtúr;
4. Seirbhísí.


Is é cuspóir an chláir seo ná cur ar chumas an Fhorais Riaracháin an fhís atá leagtha amach sa phlean straitéiseach a bhaint amach, is é sin, a bheith mar lárionad barr feabhais d'fhoghlaim agus d'fhorbairt ceannaireachta don tSeirbhís Phoiblí. Tógadh plean forfheidhmithe na straitéise timpeall ar na príomhspriocanna inghnóthaithe ar fud seirbhísí agus struchtúr corparáideach an Fhorais Riaracháin ach díríonn an clár claochlaithe ar thionscnaimh mhórscála chun:

1. dlús a chur le nuachóiriú an Fhorais maidir le slite inar féidir leis seirbhísí a sholáthar ar bhealach comhtháite, éifeachtúil agus éifeachtach;
2. infrastruchtúr atá oiriúnach don fheidhm a chumasú, idir fhisiciúil agus dhigiteach;
3. an tallann riachtanach a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil go hacadúil agus go gairmiúil; agus
4. an bhunsraith a neartú ar a bhfuil rialachas agus bainistíocht an Fhorais Riaracháin ina n-eiseamláirí den sármhaitheas san fhoghlaim agus i bhforbairt ceannaireachta.

Sa chéad bhliain den chlaochlú seo, tá an Foras tar éis dul faoi athstruchtúrú eagraíochta a bhfuil ceithre Roinn mar thoradh air (féach Fíor 2). Mar fhreagra ar aiseolas ó pháirtithe leasmhara, tá an fheidhm taighde comhtháite anois laistigh de Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker chun ceannaireacht smaoinimh a neartú agus a neadú laistigh den teagasc agus den fhoghlaim ar fud punann na gclár. Tá athstruchtúrú déanta ar fheidhm na bhfoilseachán trí Aonad Cumarsáide nua a bhunú atá le teacht i bhfeidhm ó 2024 ar aghaidh. Áireofar ar a chuid fhreagrachtaí foilseacháin ar an mbonn go n-aisghabháiltear na costais iomlána.

Bhí na hathruithe seo suntasach don bhfoireann lena mbaineann agus go deimhin don eagraíocht i gcoitinne. Leagadh an-bhéim ar rannpháirtíocht agus comhairliúchán foirne agus Forsa chomh maith. Ath-imlonnaíodh gach ball foirne a raibh tionchar díreach ag na hathruithe orthu laistigh den bhForas Riaracháin nó chuig cuid eile den tSeirbhís Phoiblí.

Ag leibhéal na ceannaireachta sinsearaí, forbraíodh struchtúr nua Foirne Ceannaireachta Feidhmiúcháin de réir na seirbhísí a chuirtear ar fáil sa struchtúr eagraíochta nua. Beidh an struchtúr nua seo i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.




**Fíor 2: Struchtúr Eagraíochta Nua an Fhorais Riaracháin – I bhfeidhm ar 1 Eanáir 2024**

Ba mhórathrú claochlaitheach in 2023 é an t-atheagrú seo ar an bhForas agus ar a chuid seirbhísí. Mar sin féin, i dteannta leis an athstruchtúrú ar na seirbhísí atá ann cheana féin, rinneadh pleanáil in 2023 freisin chun seirbhísí foghlama agus forbartha a aistriú ón Roinn, an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach agus OneLearning san áireamh. Tugtar breac-chuntas níos mionsonraithe air seo sa chuid faoin Chlár Comhtháthaithe thíos.

## An Clár Comhtháthaithe

Mar chuid den chlár claochlaithe, rinneadh an cinneadh i mí Feabhra 2023 na seirbhísí foghlama agus forbartha a sholáthraíonn an DPENDR a aistriú chuig an bhForas Riaracháin. Áiríodh ar na seirbhísí sin an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach, a chumasaíonn forbairt ceannaireachta státseirbhíseach ó leibhéal Príomhoifigigh aníos. De bhreis air sin, tá OneLearning, an t-ardán foghlama ar líne don Státseirbhís, mar chuid den aistriú seo. Le himeacht ama, beifear in ann réitigh d'fhorbairt foghlama a sholáthar ar bhonn níos leithne don tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne dá bharr.

Chun aistriú réidh na seirbhísí seo chuig an bhForas Riaracháin a chinntiú agus leanúnachas gnó á choinneáil, bunaíodh clár comhtháthaithe foirmiúil i mí an Mhárta 2023 idir an Foras Riaracháin agus an DPEDR. Forbraíodh plean bainistíochta tionscadail ag an tús agus tosaíodh le próiseas mionsonraithe díchill chuí maidir le pleanáil le haghaidh aistriú seirbhísí agus a gcomhtháthú laistigh de phunann an Fhorais Riaracháin. Ar fud na tréimhse suas go dtí Deireadh Fómhair 2023, d'oibrigh foireann tionscadail lena chinntiú go gcuirfí gach gné den phlean comhtháthaithe i bhfeidhm. Ina theannta sin, cruthaíodh fís agus straitéis don todhchaí do sheirbhísí forbartha ceannaireachta na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí agus do sholáthar réitigh foghlama agus forbartha trí ardán bainistíochta foghlama láraithe.

Bhíothas ag díriú go mór mór ar leanúnachas gnó a chinntiú ar fud an chláir chomhtháthaithe agus an obair agus na pleananna riachtanacha á ndéanamh chun aistriú seirbhísí chuig an bhForas Riaracháin a éascú. Faoi mhí na Samhna 2023, bhí an tSeirbhís Phoiblí Shinsearach aistrithe chuig an bhForas Riaracháin agus tosaíocht tugtha do phleanáil na gclár a bhí le cur i bhfeidhm in 2024. Dúnadh cláir na bliana 2023 go rathúil freisin. Ceapadh Stiúrthóir Seirbhíse Poiblí, Sinsearaí, an Dr Cedric Chau, freisin agus tá sé le tosú sa ról seo ón 1 Eanáir 2024.

Tá OneLearning i mbun idirthréimhse agus é mar aidhm an t-aistriú chuig an bhForas Riaracháin a thabhairt chun críche i Ráithe 1, 2024. Tá leanúnachas gnó fós ina phríomhthosaíocht maidir le cúrsaí ar líne a chuirtear ar fáil trí OneLearning, agus coinníodh é seo sa tsiúl.

Tabharfaidh 2024 deis spreagúil chun dul ar aghaidh anois leis an straitéis nua um fhorbairt ceannaireachta agus réitigh foghlama ar líne. Tá sé seo tábhachtach i gcomhthéacs na *Seirbhísí Poiblí Níos Fearr – Straitéis um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030,* a chuimsíonn leathnú na seirbhísí seo ón Státseirbhís go dtí an tSeirbhís Phoiblí níos leithne.

## Rialachas

Tá an Fhoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin agus mé féin tiomanta do chultúr dea-rialachais a chinntiú a spreagann muinín agus iontaoibh sa bhForas. Maoirsíonn an Bord agus Coistí an Bhoird creat dearbhaithe bainistíochta fónta.

Leanaimid de bheith ag forbairt ár gcreat rialachais chun a chinntiú go bhfuil sé ábhartha i gcónaí agus go gcomhlíonann sé ár n-oibleagáidí leanúnacha. Chuige sin, cuireadh socruithe nua rialachais i bhfeidhm leis an DPEDR chun tacú le cur chun feidhme straitéise, lena n-áirítear cláir um chlaochlú agus comhtháthú. Agus é ag léiriú suntais an treo agus an chlaochlaithe straitéisigh, d'fhaomh Bord an Fhorais Riaracháin athbhreithniú ar Choiste Riaracháin an Bhoird i mí an Mhárta 2023 agus ceapadh Coiste um Chlaochlú an Bhoird ina dhiaidh sin i mí Bhealtaine 2023 (le haghaidh sonraí féach an chuid faoin mBord agus na Coistí a bhaineann leis).

Rinneadh an chéad aighneacht buiséid a iarradh i mí Lúnasa 2023 agus d'fhaomh Bord an Fhorais Riaracháin an Plean Gnó do 2024 i mí na Nollag 2023.

Tá áthas orainn freisin leanúint lenár gcomhpháirtíocht le hOÉ agus an creidiúnú foirmiúil a thugann siad dár gcáilíochtaí. Táimid tiomanta i gcónaí d'fheabhsú leanúnach agus do chomhlíonadh na gceanglas atá leagtha amach i bPlean Feabhsúcháin Cáilíochta an Fhorais.

## Feidhmíocht 2023 – Príomhbhuaicphointí

Tá achoimre anseo ar na príomhbhuaicphointí a léiríonn Feidhmíocht 2023 an Fhorais faoi gach réimse gnó. (Le haghaidh an eolais is déanaí sna rannóga atá níos mionsonraithe, féach cuid 6 le do thoil.)

## Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker

Sheachaid Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker punann éagsúil de bhreis is 40 clár acadúla do 1,600 mac léinn. Áiríodh orthu seo cláir atá creidiúnaithe ag OÉ ó Theastais Leibhéal 6 go Leibhéal 10 (Dochtúireacht sa Rialachas) ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Bronnadh cáilíochtaí céime agus dioplóma ar 650 céimí agus fuair 580 eile Teastais ó OÉ. Agus é ag freagairt do cheisteanna atá ag teacht chun cinn sa tSeirbhís Phoiblí, forbraíodh Teastas Gairmiúil nua i nGníomhú ar son na hAeráide agus i dTuairisciú Inbhuanaitheachta agus seachadadh é.

Chríochnaigh breis agus seasca mac léinn leibhéal máistreachta tráchtais taighde agus rinne breis is tríocha mac léinn taighde ardleibhéil ag leibhéal dochtúireachta.

Seachadadh na gníomhartha feabhsúcháin leanúnacha faoin bPlean Feabhsaithe Cáilíochta 2022-2024. D'éirigh thar barr linn maidir leis na torthaí suirbhé a rinne páirtithe leasmhara fostóra. Léirigh siad leibhéil sástachta os cionn 90% ar fud réimse critéar.

Rinneadh athbhreithniú ar ábhair shaincheaptha foghlama agus sainíodh clár d'fhorbairt na n-ábhar seo. Chun déileáil le mí-úsáid fhéideartha na hIntleachta Saorga i measúnú, forbraíodh treoir agus prótacail nua agus eisíodh chuig na léachtóirí iad.

## Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise

Tá an Foras ina óstach ar an t-aon leabharlann speisialtóra in Éirinn atá tiomnaithe do riarachán poiblí agus is príomh-acmhainn náisiúnta í i réimse na bainistíochta poiblí agus an riaracháin phoiblí agus is acmhainn luachmhar í don rialtas agus don tSeirbhís Phoiblí. D'fhorbair sé an bailiúchán príomhthéacsanna atá aige i bhformáidí clóite agus mar ríomhleabhair. Chuir sé 400 mír nua leis an mbailiúchán le linn 2023.

Chun cur le rochtain agus seirbhísí do mhic léinn, chuir an leabharlann Seirbhís Aimsitheoir Téacs Iomlán EBSCO nua ar fáil chun brabhsáil, cuardach agus rochtain níos éasca ar ábhar digiteach a chumasú. Chun na seirbhísí leabharlainne agus na tacaíochtaí atá ar fáil do mhic léinn a chur chun cinn, chuir foireann na leabharlainne seisiúin treoshuímh aghaidh ar aghaidh agus ar líne ar fáil, chomh maith le seisiúin faisnéise do mhic léinn taighde agus seastáin faisnéise aníos ag seimineáir aghaidh ar aghaidh ag deirí seachtaine.

## Oiliúint

D'fhreagair an Rannóg don éileamh ar ghairmiúlacht bhreise chun caighdeán agus cleachtas an riaracháin phoiblí agus an bheartais phoiblí a chur chun cinn. Áiríodh le freastal ar an éileamh seo gur seachadadh 1,322 lá de shainseirbhísí oiliúna agus comhairleacha do 13,600 rannpháirtí ar fud na Seirbhíse Poiblí, 196 cúrsa poiblí/oscailte, cláir agus comhdhálacha gairmiúla creidiúnaithe do 2,400 freastail agus 434 lá d'fhorbairt shaincheaptha do 3,800 rannpháirtí eile ag gach leibhéal sa Státseirbhís agus sa rialtas áitiúil.

Ba iad téamaí ceannaireachta a bhain le hathrú oiriúnaitheach a threorú, ceannaireacht sa timpeallacht oibre hibrideach, foirne fuinniúla agus timpeallachtaí oibre fuinniúla a chruthú na dúshláin choitianta ar tugadh aghaidh orthu.

D'fhorbair an Rannóg Cláir Forbartha Gráid grád-oiriúnaithe don Státseirbhís agus clár Forbartha Bainistíochta Sinsearaí do 100 bainisteoir sinsearach sna Coimisinéirí Ioncaim. Clár nua in 2023 a bhí ar an ngearrliosta don Chatagóir um an Comhoibriú F&F is Fearr ag na Gradaim L&DI 2023 ab ea 'The Civil Service in the Democratic Process' don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus do Thithe an Oireachtais.

Críochnaíodh dhá chlár 'Leadership in Local Government' do cheannairí údarás áitiúil le tacaíocht ón gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CBCC) agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Don chlár seo díríodh go háirithe ar ról na ceannaireachta, ar dhúshláin a shárú agus ar choimhlint a réiteach. Thug na rannpháirtithe cuairt ar Dhoire agus bhuail siad le ceannairí ó chúlraí agus dearcthaí éagsúla.

I gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), leanadh den Chlár Iarchéime Rialtais Áitiúil do 147 céimí, a fuair meantóireacht i ndisciplíní ar leith chun tacú le forbairt ghairmiúil.

Reáchtáil an Rannóg ocht gclár poiblí is tríocha ar an ábhar Forbairt Bainistíochta agus d'fhreastail 420 rannpháirtí orthu agus bhain siad leas as an deis líonrú a dhéanamh agus naisc a thógáil. Thug seisear seirbhíseach poiblí sinsearacha déag eile faoin gClár Dúshlán Ceannaireachta, ina bhforbraítear an cheannaireacht chun dul i ngleic le dúshláin ríthábhachtacha sochaíocha agus eagraíochtúla.

Áiríodh leis an bhfreagra ar oiliúint agus cáilíochtaí gairmiúla TF an Teastas agus an Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta, Bainistíocht Tionscadail agus Oiliúint RGCS a sheachadadh. I measc na gclár nua do 2023 bhí an clár píolótach do MOVE2ICT, an cháilíocht TF atá aitheanta ag an tionscal agus a dhírítear ar earcaigh TF nua na Státseirbhíse; clár d'Oifigigh Cosanta Sonraí na Seirbhíse Poiblí; agus clár nua arna thionscnamh ag an DPEDR ar ábhar na hintleachta saorga sa tSeirbhís Phoiblí.

Mar léiriú ar an éileamh leanúnach ar acmhainní daonna agus cáilíochtaí i gcleachtas daoine, bhain nócha seacht státseirbhíseach agus seirbhíseach poiblí Bonnchéim amach leis an Instituid Chairte Pearsanra agus Forbartha, tugadh creidiúnú do thriúr agus caoga i gClár Idirghabhála an Fhorais Riaracháin agus seachadadh trí chlár um Bainistíocht Coimhlinte do Bhainisteoirí. Seachadadh cláir Acmhainní Daonna do Bhainisteoirí Líne agus cláir CBFF (córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta) do 400 rannpháirtí. I measc na bhformáidí nua a tástáladh in 2023 ar éirigh go maith leo bhí triail a bhaint as cláir ghairide mhodúlacha ar scála do ghrúpaí móra. Áiríodh orthu seo roghanna pearsanta agus fíorúla le haghaidh topaicí ar nós Dínit ag an Obair, Feidhmíocht a Bhainistiú agus Ullmhúchán Agallaí Bunaithe ar Inniúlacht.

Ba léir arís in 2023 go raibh éileamh ar rialachas sa rialtas áitiúil a fheabhsú go leanúnach. Seachadadh sé imeacht déag do 129 balleagraíocht. Lean an Fóram Rialachais de bheith ina mhol luachmhar

le haghaidh comhairle, oiliúna agus faisnéise do bhalleagraíochtaí. Sheol sé sraith nua podchraoltaí, *In the Chair*. Tá trí eipeasóid de ar fáil.

Lean an t-éileamh ar bhainistíocht airgeadais agus ar chuntasaíocht agus ar dheiseanna dea-chleachtas a fhoghlaim agus a roinnt ag dul i méid – seachadadh cúig chúrsa poiblí is tríocha do 225 rannpháirtí agus reáchtáladh Comhdháil do Cheannairí Airgeadais na nÚdarás Áitiúil freisin.

Ba í an Rannóg soláthraí lárnach na hoiliúna rialtais áitiúil, agus chríochnaigh an 535 ball foirne teastais agus dioplómaí atá creidiúnaithe ag OÉ i Staidéar Rialtais agus i Staidéar Tithíochta. Áiríodh ar bhuaicphointí eile seachadadh aon chlár déag de 'A-Z of Irish Local Government' do 480 ball foirne, dhá chlár Oiliúna Reachtaíochta d'ochtó bainisteoir agus an iliomad cúrsaí poiblí do 213 rannpháirtí ar réimse ábhar rialtais áitiúil.

D'óstáil an Fóram Tithíochta ceithre imeacht agus d'fhreastail ochtó rannpháirtí ar an meán.

## Taighde agus Foilseacháin

Thacaigh obair na Rannóige Taighde leis an rialtas áitiúil agus náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna éagsúla casta a bhaineann le mórán ceisteanna beartais. Cuireadh tionscadail taighde ar leith chun cinn thar ceann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, an DPENDR, Roinn an Taoisigh agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

I measc bhuaicphointí Rannóg na bhFoilseachán bhí foilsiú na *Windows on Welfare, Social Care Work: An Introduction for Students* agus *Ireland – A Directory 2024*. Chuidigh sé freisin le táirgeadh agus bainistiú an *Irish Probation Journal*, a fhoilsítear thar ceann Sheirbhís Promhaidh Thuaisceart Éireann.

## Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha

Bhí feidhmíocht láidir ag an Roinn seo trí leanúnachas gnó a chinntiú sa réimse leathan tacaíochtaí corparáide ilghnéitheacha atá sa chroílár maidir le cur ar chumas an Fhorais a shainchúram, a ról agus a spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh. Chuaigh an fhoireann i dteagmháil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus le comhpháirtithe teicniúla chun straitéisí a fhorbairt chun an plean straitéiseach a chur i bhfeidhm agus chun clár claochlaithe an Fhorais a chur chun cinn trína chinntiú go ndéantar createaí agus cuir chuige reatha a athbhreithniú agus a fhorbairt le bheith oiriúnach don fheidhm do riachtanais an Fhorais amach anseo.

I measc na mbuaicphointí bhí:

- Athbhreithniú cuimsitheach a chur i gcrích ar Chreat Bainistíochta Airgeadais an Fhorais Riaracháin agus múnla aisghabhála lánchostais a sholáthar.
- Rialachas an Fhorais Riaracháin: Na feidhmeanna airgeadais a lárú; moltaí oidhreachta iniúchta inmheánaigh arna gcur i ngníomh.
- Fás Straitéiseach: Díchill chuí agus cóiríocht infrastruchtúir a sheachadadh chun feidhmeanna na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí agus feidhmeanna OneLearning a chomhtháthú.
- TFC & Straitéis Dhigiteach: Seachadadh garspriocanna tábhachtacha lena n-áirítear comhtháthú an Chórais Bainistíochta Foghlama OneLearning, anailís ar néal-imirce agus forbairt na timpeallachta cibearshlándála agus slándála faisnéise.
- Tionscadal Infreastruchtúir an Fhorais Riaracháin: Seachadadh go Céim 1 agus Céim 2 den Infreastruchtúr IPA atá ag teastáil chun go bhféadfaidh an Foras fís an ionaid barr feabhais a bhaint amach.
- Chun leanúnachas gnó a chinntiú, chinntigh an fhoireann tacaíochtaí lárnacha do na Seirbhísí Oideachais, Oiliúna, Comhairliúcháin agus Forbartha.
- Críochnaíodh tíolacadh comhad iniúchta chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar aon le Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023 an Fhorais Riaracháin. Thacaigh an fhoireann leis an mBord maidir lena dhualgais mhuiníneacha a chomhlíonadh agus chomhlíon siad na spriocdhátaí go léir maidir le tuairisciú airgeadais an Bhoird agus Fhochoistí an Bhoird.
- Seachadadh go rathúil laghduithe buiséid maidir le háiseanna agus bainistíocht eastáit chomh maith leis an oiliúint riachtanach maidir le comhlíonadh dóiteáin, sláinte agus sábháilteachta agus díriú ar shochair inláimhsithe a sheachadadh ó thaobh na hinbhuanaitheachta.
- I measc na bpríomhbhuaicphointí ó thaobh gnó mar is gnách de, bhí Microsoft secure score feabhsaithe a sháraíonn uair eile scór eagraíochtaí den mhéid céanna go mór; bonneagar balla dóiteáin éifeachtach a choscann ionradh 800k; glacadh leis an Ardán Cumarsáide SharePoint; tacaítear le bealaí Microsoft Teams agus Zoom; agus tugadh freagra ar bhreis is 3,800 iarratas maidir le TF.
- Iniúchadh & Rialachas: Feidhmíonn an Foras Riaracháin laistigh de chreat casta dlíthiúil agus rialála. Chomhlíon sé a cheanglais arna gcinneadh ag a stádas mar chuideachta faoi theorainn ráthaíochta, mar charthanas cláraithe a bhfuil dualgas air cloí leis an gCód Carthanas, agus mar chomhlacht faoi choimirce an DPENDR agus oibleagáid air cloí leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*. Déanann an Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh air agus ceanglaítear air Ráitis Airgeadais reachtúla a tháirgeadh de réir FRS 102. Chuir an fhoireann cur i bhfeidhm Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí chun cinn agus tá Grúpa Oibre bunaithe ag leibhéal an Fhorais Riaracháin a shainaithneoidh an treochlár agus an plean gníomhaíochta gaolmhar a chuirfear le straitéis an Fhorais Riaracháin.
- Chríochnaigh an Foras a chuid oibleagáidí airgeadais agus cánachais le linn 2023, agus lean an Bord ag maoirsiú éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh.
- Cuireadh blocdheontas €2.725m ar fáil don bhForas ón DPEDR don bhliain 2023. Rinne Bord Stiúrthóirí an Fhorais agus na Fochoistí Boird maoirsiú ar Fheidhmíocht Airgeadais mar chuid dá bhfreagrachtaí muiníneacha.
- Agus an bhéim atá sa straitéis foghlama ar fhás trí nuálaíocht á aithint againn, rinneadh athbhreithniú ar shamhail airgeadais agus mhaoinithe an Fhorais Riaracháin in 2023 d'fhonn

samhail atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de a thógáil chun gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag seachadadh maidir leis an uaillmhian straitéiseach.

- D'fhormheas Bord an Fhorais Riaracháin Buiséad an Fhorais Riaracháin do 2024 i mí na Nollag 2023. Réamh-mheastar sé seo barrachas measartha, rud a chuirfidh an Foras Riaracháin ar ais go brabúsacht. Tá an Foras Riaracháin ar an mbóthar ceart chun an barrachas sin a sheachadadh in 2024 agus tá leachtacht láidir i gcónaí.

## Daoine agus Cultúr

Tá rathúlacht an Fhorais ag brath ar na baill foirne atá thar a bheith cumasach, proifisiúnta agus lán de bhuanna, agus ar chomhlachas láidir comhpháirtithe gairmiúla. Tá sé cruthaithe againn go bhfuil ar ár gcumas comhoibriú mar fhoireann amháin (One IPA), sinne tiomanta agus dírithe ar ár bhfís a sheachadadh, is é sin, ár straitéis *A New Era of Learning* agus ár gclaochlú.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt go háirithe don obair chrua, don fhuinneamh agus don iarracht atá curtha isteach ag gach duine. Mar sin, ní hamháin gur seachadadh feidhmíocht láidir oibríochtúil i rith 2023 ach a leagadh an bonn le haghaidh aistear an chlaochlaithe freisin. Leanamar ar aghaidh ag dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhlaigh, baill foirne agus ionadaithe foirne, agus is mór againn an rannchuidiú luachmhar chun ár gcláir oibre agus ár dtosaíochtaí maidir le claochlú a mhúnlú le linn 2023. Tuigim go háirithe an leibhéal athraithe i gcás go leor daoine, lena n-áirítear iad siúd ar a bhfuil tionchar ag forbairt an struchtúir athbhreithnithe agus ag comhtháthú na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí agus OneLearning leis an bhForas Riaracháin. Chuimsigh siad seo gluaiseacht daoine agus athruithe, comhtháthú laistigh den bhForas, agus foinsiú agus glacadh isteach tallainne chun na coinníollacha do rath in 2024 a chruthú.

Iad siúd atá tar éis bogadh ar aghaidh chun tabhairt faoi ról nua, cibé acu san bhForas nó in áit eile, guím rath orthu sna róil nua sin. Fáiltím roimh gach duine a tháinig isteach sa bhForas, is cuma cén cháil, agus táim ag tnúth le bheith i gceannas ar an eagraíocht agus í ailínithe go nua, i rith 2024.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe sa DPENDR agus sa rialtas áitiúil (CBCC, GBRÁ) as a gcomhpháirtíocht, a rannchuidiú agus a dtiomantas leanúnach do Bhord an Fhorais Riaracháin agus don Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí agus do phlean straitéiseach an Fhorais le linn 2023. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le ceannaireacht na Seirbhísí Poiblí Sinsearacha agus OneLearning a d'oibrigh go dian chun seachadadh seirbhíse a choinneáil ar siúl agus ag an am céanna ag forbairt agus ag tacú le pleanáil chomhtháthaithe agus aistriú seirbhíse isteach sa bhForas Riaracháin. Tá na seirbhísí seo i mball maith chun scála an tsoláthair seirbhíse a mhéadú chuig daonra méadaithe na Seirbhíse Poiblí in 2024.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an gCathaoirleach agus leis an mBord as a ndílseacht agus a dtacaíocht leanúnach i bhforbairt straitéis an Fhorais Riaracháin agus agus an chláir oibre don chlaochlú atá ríthábhachtach chun ár n-uaillmhian straitéiseach a bhaint amach. Is mór agam a dtaithí luachmhar, a gcomhairle agus a dtacaíocht chríonna atá ríthábhachtach don aistear claochlaithe seo agus chun fís an Fhorais a bhaint amach maidir le hionad sármhaitheasa foghlama agus forbartha a thógáil d'fhonn cumas agus inniúlacht a thógáil ar fud na Seirbhíse Poiblí. Tá tacaíocht an Bhoird ríthábhachtach chun cur ar chumas an Fhorais tacú leis an bhfís maidir le *Straitéis 2030 um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí* chun soláthar Seirbhíse Poiblí cuimsitheach, ardchaighdeáin agus comhtháite a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine in Éirinn agus a fheabhsaíonn a saol.

Thar ceann an Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí, ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl do chomhaltaí an Bhoird agus do Choistí an Bhoird as a gcuid oibre crua leanúnaí agus as a dtacaíocht don bhForas Riaracháin agus dá chuid oibre.

Nuair a leagamar amach ár n-uaillmhian straitéiseach nua in 2022, thuigeamar go raibh bóthar dúshlánach romhainn. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil lenár bhfoireann, ár gcomhpháirtithe agus ár n-ionadaithe go léir as a n-obair chrua, a ndílseacht agus a bpaisean ar fad chun obair an Fhorais Riaracháin a chur chun cinn agus chun ár gclár claochlaithe a chur ar aghaidh. Ba bhliain í 2023 ina raibh leibhéal agus cáilíocht ár seirbhísí foghlama agus seachadta á gcothú agus pleanáil le haghaidh claochlaithe agus comhtháthú ar siúl againn ag an am céanna. Mar sin, ba bhliain shuntasach í agus bliain a chuireann síos an bonn chun an t-ionad barr feabhais a chruthú a shamhlaítear i rud atá ina straitéis foghlama uaillmhianach. Ní fhéadfaí é seo a dhéanamh gan rannchuidiú ó fhoireann éirimiúil chumasach an Fhorais. Ba mhaith liom mo bhuíochas agus mo mheas a chur in iúl do gach uile duine agus táim ag tnúth le leanúint leis an obair iontach i 2024.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mic léinn, rannpháirtithe, cliaint agus toscairí agus leo siúd go léir a bhain leas as seirbhís an Fhorais le linn 2023. Táimid thar a bheith buíoch as bhúr dtacaíocht leanúnach agus bhúr muinín as seirbhísí an Fhorais Riaracháin.

## Ag Breathnú ar Aghaidh

Ba bhliain shuntasach í 2023 maidir leis an bhForas a chur i riocht maith chun a chúram a chomhlíonadh maidir le cumas agus inniúlacht lucht saothair na Seirbhíse Poiblí sa todhchaí a thógáil. Tá boinn daingne cruthaithe againn nach féidir a fheiceáil go ró-mhaith ón taobh amuigh ach a bheidh siad ag éirí níos soiléire in 2024 tríd na daoine a bheidh ag gabháil dár seirbhísí foghlama.

Tá sceitimíní orainn agus sinne ag casadh coirnéil thábhachtach in 2023 agus ag breathnú ar 2024. Creidimid go gcuirfidh na hathruithe atá ar siúl ar ár gcumas lárionad sármhaitheasa le haghaidh seirbhísí foghlama a fhorbairt a fhreastalóidh go héifeachtach ar an tSeirbhís Phoiblí. Is aistear suntasach é seo, agus glacfaidh sé am, fuinneamh agus tiomantas na bpáirtithe leasmhara go léir. Táimid ag tnúth le 2024 agus leis an gcéad chaibidil eile dár dturas a threorú.



**Helen Brophy** Ard-Stiúrthóir

# 03. Ár mBord agus Coistí Gaolmhara



# COMHALTAÍ OINIGH

**Uachtarán**

Martin O'Halloran

**Leas-Uachtaráin**

John Callinan

An Dr Attracta Halpin

Ray Dolan

Niamh O'Donoghue

# AN BORD

George Burke *(Cathaoirleach)*

Helen Brophy *(Ard-Stiúrthóir)*

Elizabeth Adams

An Dr Pamela Byrne *(Ar scor Márta 2023)*

Rosalind Carroll *(Ceaptha Bealtaine 2023)*

Shirley Comerford *(Ceaptha Márta 2023)*

Frank Curran *(Ceaptha Samhain 2023)*

Greg Dempsey

An Dr Colm Henry *(Ar scor Márta 2023)*

Ann Marie Hoey *(Ceaptha Márta 2023)*

Mary Hurley

Tim Lucey *(Ar scor Lúnasa 2023)*

David Moloney *(Ar scor Márta 2023)*

Pat Naughton *(Ar scor Meitheamh 2023)*

An Dr Patrick O'Leary

Fiona Quinn

An Dr Stephen Weir

# FOCHOISTÍ AN BHOIRD

**Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Greg Dempsey *(Cathaoirleach) (Ceaptha Meitheamh 2023)*

Pat Naughton *(Cathaoirleach) (Ar scor Meitheamh 2023)*

Anne-Marie Hoey *(Ceaptha Deireadh Fómhair 2023)*

Suzanne Lambe

Tim Lucey *(Ar scor Lúnasa 2023)*

An Dr Patrick O'Leary *(Ceaptha Bealtaine 2023)*

Patricia Orme

**An Coiste Riaracháin**

Fiona Quinn *(Cathaoirleach) (Ceaptha Eanáir 2023)*

Elizabeth Adams

Shirley Comerford *(Ceaptha Márta 2023)*

Mary Hurley *(Ceaptha Márta 2023)*

David Moloney *(Ar scor Márta 2023)*

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na Téarmaí Tagartha agus i gcomhthéacs threoir straitéiseach nua an Fhorais Riaracháin agus an chláir um chlaochlú a ghabhann léi, d'fhaomh an Bord scor an Choiste Riaracháin mar a bhí roimhe agus chruthaigh sé Coiste um Chlaochlú nua faoi Théarmaí Tagartha leasaithe.

### An Coiste Claochlaithe

Fiona Quinn *(Cathaoirleach) (Ceaptha Bealtaine 2023)*
Elizabeth Adams *(Ceaptha Bealtaine 2023)*
Shirley Comerford *(Ceaptha Bealtaine 2023)*
Frank Curran *(Ceaptha Samhain 2023)*
Mary Hurley *(Ceaptha Bealtaine 2023)*
Tim Lucey *(Ar scor Lúnasa 2023)*

### An Coiste Airgeadais & Straitéise

George Burke *(Cathaoirleach)*
Helen Brophy
An Dr Pamela Byrne *(Ar scor Márta 2023)*
Rosalind Carroll *(Ceaptha Meitheamh 2023)*
Greg Dempsey
An Dr Stephen Weir

## COISTÍ AN IPA

### An Coiste Oideachais

An Dr Moling Ryan (Cathaoirleach)
Helen Brophy
Kevin Foley
Brian Hackett
Aidan Horan (Ar scor Márta 2023)
Rosarii Mannion
An Dr Michael Mulreany
An tArd-Cheannfort Patrick Murray
An Dr Denis O'Brien
Eric Ó Cuinn (Ar scor Márta 2023)
Danny O'Sullivan
Doncha F. O'Sullivan
Eileen Quinlavin

### An Coiste Foilsitheoireachta Leabhar

Dónal de Buitléir (Cathaoirleach)
Tom Fennell
John Fitzgerald
Attracta Halpin
Philip Hamell
Paul Haran
John O'Neill
Philomena Poole
Blathna Ruane

# 04. Ár nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí





**Helen Brophy**

*Ard-Stiúrthóir*

Tá taithí breis is tríocha bliain ag Helen i réimse leathan ról ar leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh, an Stiúrthóra agus an Stiúrthóra Neamhfheidhmiúcháin in earnálacha poiblí, idirnáisiúnta, príobháideach, gnó teaghlaigh, neamhbhrabúis agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Sular thosaigh sí ag obair leis an bhForas Riaracháin, bhí Helen ina Stiúrthóir ar Fhorbairt Fheidhmeannach Smurfit COBhÁC agus ina Ball den Bhord Comhairleach ag Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit COBhÁC arb é an t-aon soláthraí in Éirinn é a bhfuil rátáil FT aige d'oideachas feidhmiúcháin, rud a d'fhorbair sí agus a raibh sí i gceannas air ar feadh breis agus deich mbliana. I measc na róil cheannaireachta roimhe seo tá POF na Comhairle Náisiúnta Déiríochta; Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Ornua; Ceannaire Forbartha Margaidh agus Gnó, BIM; agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin ar Gorta/Self-Help Africa. Ina theannta sin, is cóitseálaí, meantóir agus speisialtóir í Helen a bhfuil taithí aici ar dhearadh agus ar sheachadadh clár ceannaireachta feidhmiúcháin agus bainistíochta athraithe.

Tá BA ag Helen ó Ollscoil Chathair BhÁC, MBS ó Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit COBhÁC, Máistreacht Fheidhmiúcháin i gComhairliúchán agus i gCóitseáil le haghaidh Athraithe ó Scoil Ghnó INSEAD, an Fhrainc, chomh maith le réimse cáilíochtaí céime breise i gcóitseáil, síciméadracht agus forbairt ceannaireachta.



**An Dr Michael Mulreany**

*Ard-Stiúrthóir Cúnta agus Ceann ar Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker*

Tá Michael Mulreany ina Ard-Stiúrthóir Cúnta agus ina Cheann ar Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker agus tá sé freagrach as cláir oideachais creidiúnaithe, gníomhaíochtaí taighde agus an leabharlann. Tá cáilíochtaí Baitsiléara, Máistreachta agus PhD ó COBhÁC ag Michael. Tá sraith clár fochéime agus iarchéime forbartha aige ag an bhForas Riaracháin suas go leibhéal dochtúireachta, atá creidiúnaithe ag OÉ. Tugann sé léachtaí agus déanann sé taighde i réimsí eacnamaíocht na hearnála poiblí, éifeachtúlacht na hearnála poiblí, anailís costais is tairbhe agus rialachas na hearnála poiblí, agus tá roinnt leabhair agus ailt éagsúla foilsithe aige sna réimsí seo. Bhí Michael ina bhall de choistí um éifeachtúlacht na státseirbhíse agus de ghrúpaí comhairleacha rialtais agus bhí sé i gceannas ar roinnt tionscadal idirnáisiúnta de chuid Choimisiún an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle na hEorpa ar athchóiriú na hearnála poiblí, a bhfuil athruithe suntasacha institiúideacha mar thoradh orthu.



**Noreen Fahy**

*Stiúrthóir Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha*

Tugann Noreen taithí breis agus tríocha bliain duinn thar earnálacha náisiúnta, idirnáisiúnta, tráchtála agus neamhthráchtála. Is ceannaire cruthaithe í a bhfuil taifead láidir feidhmíochta aici, agus tá sí ina ball den Ghrúpa Bainistíochta Sinsearaí ag an bhForas Riaracháin. Tá sí ag seachadadh go rathúil i dtaobh spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha. Thosaigh Noreen sa bhForas Riaracháin in 2004 agus, mar Speisialtóir Sinsearach um Rialachas agus Airgeadais. D'fhorbair sí eolas agus tuiscint dhomhain ar pháirtithe leasmhara an Fhorais Riaracháin ar fud earnálacha na Státseirbhíse, na n-údarás áitiúil agus na ngníomhaireachtaí stáit, ag dul i bhfeidhm ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta maidir le hiniúchadh agus rialachas. Mar an Stiúrthóir Airgeadais agus Seirbhísí Corparáideacha, tá Noreen spreagtha go láidir ag an deis foirne a threorú agus oibriú i gcomhar le comhghleacaithe chun athrú a threorú agus torthaí níos fearr a sheachadadh do na páirtithe leasmhara go léir. Is príomhspreagthóir í sármhaitheas i rialachas corparáideach do Noreen agus aithnítear a saineolas ina róil cheannaireachta maidir le cúrsaí rialachais, lena n-áirítear Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin agus Iontaobhaí ar Bhord Stiúrthóirí Carmichael, Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta Údarás Áitiúil Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhalta Choiste Iniúchóireachta Thithe an Oireachtais.

Is Comhalta Chomhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte í Noreen, tá Dioplóma (le gradam) i dTreoir Cuideachta aici ó Institiúid na Stiúrthóirí agus Dioplóma Iarchéime (Onóracha) i mBainistíocht agus Feidhmiú TF sa Chuntasaíocht.



**Teresa Casserly**

*Stiúrthóir, Forbairt Gnó, Ceannaireacht & Bainistíocht agus Seirbhísí Idirnáisiúnta*

Tá taithí breis is tríocha bliain ag Teresa agus í i gceannas ar réimse leathan clár forbartha gairmiúla agus pearsanta do cheannairí agus bainisteoirí san earnáil phoiblí ag gach leibhéal, thar gach earnáil de Sheirbhís Phoiblí na hÉireann. Tá taifead cruthaithe gnóthachtála aici mar speisialtóir i ndearadh foghlama, mar éascaitheoir agus mar chóitseálaí. Tá taithí fhairsing ag Teresa ar aiseolas measúnaithe 360° agus ar chóitseáil do cheannairí, ag leibhéal an duine aonair agus foirne, ar mhodheolaíochtaí chun tacú le haistriú foghlama, meantóireacht agus cóitseáil. Ar an taobh idirnáisiúnta, tá Teresa tar éis tionscadail athchóirithe na hearnála poiblí a bhainistiú don bhForas Riaracháin san Eoraip agus san Afraic, d'oibrigh sí mar speisialtóir i bhforbairt ceannaireachta agus i dtionscadail tógála acmhainne, thug sí cur i láthair do luchtanna spéise éagsúla thar na blianta ar fhoghlaim agus ar fhorbairt na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí agus ar chuir chuige ó thaithí maidir le dearadh foghlama, agus chuir sé le tionscadail TAIEX AE i roinnt tíortha. Sular thosaigh sí san bhForas, d'fhóin Teresa ar feadh trí bliana déag i roinnt ranna agus oifigí rialtais in Éirinn.

Tá BSc agus MEd ag Teresa ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá creidiúnú aici chun Anailís Éifeachtúlachta Ceannaireachta MRG 360° (LEA) agus Cineál Táscaire Myers Briggs (MBTI) a riar. Tá Teresa creidiúnaithe freisin mar Éascaitheoir Foghlama Gníomhaíochta ag an Institiúid Dhomhanda um Fhoghlaim Ghníomhaíochta agus tá oiliúint déanta aici sa chur chuige Timpeallachta Smaointeoireachta a aithnítear ar fud an domhain, ar samhail é atá deartha chun na coinníollacha a chruthú ina bhféadfaidh daoine smaoineamh go maith dóibh féin, as a dtiocfaidh cinnteoireacht níos fearr agus torthaí níos fearr.



**An Dr John O'Neill**

*Ceann Taighde agus Foilseachán*

Sula ndeachaigh sé leis an bhForas Riaracháin mar Cheann Taighde agus Foilseachán, d'oibrigh John mar státseirbhíseach sinsearach ar fud roinnt ranna rialtais, lena n-áirítear an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, agus an Roinn Iompair. Tríd na róil seo, bhí ról ceannaireachta ag John i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm polasaí casta thar príomhréimsí tosaíochta, lena n-áirítear an Cháin Mhaoine Áitiúil, tithíocht agus aeráid. Bhí saineolas agus taithí fhairsing John ar an gclár oibre inbhuanaitheachta i gcoitinne ríthábhachtach maidir le cur ar chumas an Fhorais freastal ar riachtanais na Seirbhíse Poiblí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chasta rialachais agus feidhmithe a bhaineann leis an gclár gníomhaíochta aeráide. Sular bhog sé le bheith ag obair ar fhorbairt beartais phoiblí, chaith John roinnt blianta ag obair san earnáil phríobháideach do chomhairleachtaí comhshaoil agus innealtóireachta, áit a raibh roinnt post sinsearach bainistíochta agus maoirseachta aige.



**An Dr Philip Byrne**

*Stiúrthóir (eatramhach), Comhairliúchán, Oiliúint agus Forbairt*

Sular ceapadh é ina Stiúrthóir eatramhach agus é freagrach as rialachas, airgeadas, bainistíocht acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise agus rialtas áitiúil, bhí Philip ina Stiúrthóir ar an Aonad Rialtais Áitiúil sa bhForas, post a ghlac sé in 2001.

Déanann sé sainfheidhmiú ar rialachas, bainistíocht riosca, iniúchadh, dearbhú agus bainistíocht airgeadais na hearnála poiblí. Déanann sé sainfheidhmiú go háirithe ar bhainistíocht airgeadais an rialtais áitiúil agus ar reachtaíocht ghinearálta rialtais áitiúil. Cuimsíonn an réimse seirbhísí a chuirtear ar fáil laistigh dá réimse freagrachta cláir chomhairleoireachta, comhairle, éascaithe, oiliúna agus forbartha gairmiúla. Ainmníodh Philip freisin mar chomhalta neamhfheidhmiúcháin i roinnt ról boird agus coiste, lena n-áirítear cathaoirleacht ar choiste iniúchta Chomhairle Contae Chorcaí faoi láthair.

# 05. 2023 – Sracfhéachaint ar Fheidhmíocht



# Cumas agus Inniúlacht a Thógáil Trí Oideachas agus Oiliúint

### Imeachtaí Oiliúna - Líon na Rannpháirtithe

13,600 rannpháirtí

### Céimithe

- 650 Bronnadh Céime agus Dioplóma
- 580 Teastas Bronnta

### Oideachas

- 1,600 Foghlaimeoir Cláraithe
- 900 seimineár gréasáin
- 500 Léacht Réamhthaifeadta

### Imeachtaí Oiliúna - Clárú Oscailte/Cúrsaí Poiblí

**Seachadta:** 196 imeacht

**Tinreamh:** 2,400 rannpháirtí

### Fóram Rialachais

- 16 Imeacht do 129 Balleagraíocht
- Líonra na gCathaoirleach
- Líonra Rúnaithe na mBord
- Tairseach na gComhaltaí
- Sraith Nua Podchraoltaí

### Imeachtaí Oiliúna Sainoiriúnaithe

**Sprioc:** 380
**Seachadta:** 501

### Leabharlann

- Freagraíodh 1,530 Ceist Taighde
- 228 Freastalaí ar Sheisiúin Faisnéise Leabharlainne Ar Líne
- 10,769 leabhair arna n-íoslódáil
- 6,300 Alt ó Irisleabhair Acadúla arna n-íoslódáil

# An Rialtas Áitiúil a Chur ar Aghaidh agus Tacú leis

### Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker an Fhorais Riaracháin

- 372 Teastas i Staidéar Rialtais Áitiúil
- 101 Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil
- 42 Teastas i Staidéar Tithíochta
- 20 Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta

### Comhdháil Chumann na Stiúrthóirí Rialtais Áitiúil

70 Freastalaí

### Oiliúint Údarás Áitiúil

11 x Clár 'AZ faoi Rialtas na hÉireann' do 480 ball foirne Údaráis Áitiúil

2 Chlár Oiliúna Reachtaíochta do 80 ball foirne Bainistíochta Údaráis Áitiúil

### Clár Iarchéime don Rialtas Áitiúil

- 147 Rannpháirtí
- Clár 3 Bliana

### Fóram Tithíochta

4 Imeacht

80 Freastalaí ag gach ceann ar an meán

Comhdháil Cleachtóirí Tithíochta: 240 Freastalaí

# Seirbhísí Comhairliúcháin/Comhairleacha

### Tionscadail Taighde

**Arna choimisiúnú ag:**

- Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar na hImpleachtaí a bhaineann le Seirbhísí Dramhaíola a Athbhunú i gCathair Bhaile Átha Cliath
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar Gheilleagar Ciorclach agus Rialachas Bithgheilleagair in Éirinn
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar Oibriú na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus Athchóirithe Amach Anseo
- Eolas faoin Tír, Riarachán Poiblí Eorpach (EUPACK)
- DPENDR (An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe) agus Roinn an Taoisigh agus Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ag Athbhreithniú Cumas na Státseirbhíse chun an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide a Chur i bhFeidhm

### Foilseacháin

- Ceithre eagrán de *Administration*
- Trí eagrán de *Local Authority Times*
- *An tsraith* Windows on Welfare
- *Social Care Work: An Introduction for Students in Ireland*
- *Ireland – A Directory 2024*

# Seachadadh IPA a Bhainistiú agus a Chothabháil

**Ardán Cumarsáide Sharepoint Glactha**

**Coisc trí Bhalla Dóiteáin**

800k

**Anailís déanta ar bhreis is 900,000 logchomhad ag Córas Freagartha Braite Críochphointe an IPA, 'Huntress'**

**Scór Microsoft Secure 83.21%**

Feabhsú 3% ar 2022 (43% an Meán ag Eagraíochtaí Comhchosúla den mhéad céanna)

**3,814 Ticéad Tacaíochta TF Réitithe**

**Cibearshlándáil**

Ní raibh aon teagmhais

# 06. Feidhmíocht: An tEolas is Déanaí ó na Rannóga



# 6.1 Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker

## Forbhreathnú

Chun misean an Fhorais Riaracháin maidir le caighdeán agus cleachtas an riaracháin phoiblí agus an bheartais phoiblí a chur chun cinn a chomhlíonadh, lean Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker ag soláthar réimse clár foghlama tríú leibhéil atá creidiúnaithe ag OÉ. Chuimsigh siad Leibhéil 6 go Leibhéal 10 CNC. Cuireann sé seo ar chumas an Fhorais Riaracháin caighdeáin cháilíochta eolais, scileanna agus inniúlachta do cheannairí, bainisteoirí agus oifigigh sa tSeirbhís Phoiblí a chur chun cinn, trí chéim a bhaint amach ónár gcuid clár.

In 2023, sheachaid Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker punann éagsúil de bhreis is daichead clár as a dtáinig breis agus seasca cáilíocht, lena n-áirítear sruthanna speisialaithe, agus cláir shonracha ó thaobh earnála agus feidhme de. Agus an chuspóir straitéiseach chun freagairt do riachtanais phráinneacha agus fhadtéarmacha na Seirbhíse Poiblí á gcomhlíonadh, thug siad seo aghaidh freisin ar an gceanglas maidir le hacmhainn a thógáil agus chun tacú leis an *Straitéis 2030 um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí – Seirbhísí Poiblí Níos Fearr.*

Lasmuigh de sheachadadh agus measúnú rathúil ar chláir fochéime agus iarchéime, bhain Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker roinnt garspriocanna suntasacha agus éachtaí ceannródaíocha amach in 2023. Áiríodh orthu sin éagsúlú breise a dhéanamh ar an bpunann foghlama chun freastal ar an éileamh ar fhoghlaim chreidiúnaithe i sainréimsí mar ghníomhaíocht aeráide agus inbhuanaitheacht. Forbairt shuntasach eile ab ea an dul chun cinn suntasach i gcur i bhfeidhm an Phlean Feabhsaithe Cáilíochta 2022-2024, rud a tháinig as toradh rathúil an Athbhreithnithe Institiúide ar an bhForas Riaracháin in 2021 ag painéal saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhí ceaptha ag OÉ. Ina theannta sin, in 2023, comhdhlúthaíodh formáid nua seachadta an chláir foghlama chumaisc chun foghlaim sholúbtha a chumasú.

## Seachadadh agus Measúnú Clár Creidiúnaithe

### Cláir Fhoghlama

In 2023, thairg Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker cláir idir Theastais CNC Leibhéal 6 go Dochtúireacht Leibhéal 10 sa Rialachas (trí dioplómaí gairmiúla, bunchéimeanna, dioplómaí iarchéime agus cáilíochtaí máistreachta).

Aithníonn an IPA an chastacht i dtimpeallacht na Seirbhíse Poiblí atá ag leanúint ar aghaidh i gcónaí agus atá ag dul i méid. Dá bhrí sin leanann an Foras Riaracháin ag freagairt d'éileamh méadaitheach chun tacú le cáilíochtaí comhlántacha breise mar thaca leis na speisialachais riachtanacha. Tá a phunann ag forbairt an t-am ar fad, ag tairiscint réimse éagsúil teastas gairmiúil agus dioplómaí gairmiúla i réimsí mar rialachas, anailís bheartais, airgeadas, Bainistíocht Acmhainní Daonna, soláthar poiblí agus bainistíocht tionscadail.

Is é atá i gceist le gach clár a sheachadadh go rathúil ná babhtaí leanúnacha léachtaí, seimineár, ceardlanna, tascanna, maoirseacht ar thráchtas, comhordú agus riarachán cláir/modúil, monatóireacht, athbhreithniú agus forbairt, measúnú, mic léinn a earcú agus tacú leo, agus gníomhaíochtaí Dearbhú Cáilíochta/creidiúnaithe.

In 2023, áiríodh ar na cláir a cuireadh ar fáil:

| | |
|---|---|
| **Leibhéal 10 (Mórábhar)** | Dochtúireacht i Rialachas |
| **Leibhéal 9 (Mórábhar)** | MA le 6 shruth speisialtóra |
| | MSc le 2 shruth speisialtóra |
| | MEconSC |
| | 2 Dioplóma Iarchéime |
| **Leibhéal 9 (Sainchuspóir)** | 6 Theastas Iarchéime |
| **Leibhéal 8 & 9 (Sainchuspóir)** | 4 Theastas Gairmiúla |
| **Leibhéal 8 (Mórábhar)** | 2 Bhunchéim – BA (Onóracha) le 6 shruth speisialtóra |
| | Céimeanna BBS (Onóracha) le 3 shruth speisialtóra |
| **Leibhéal 8 (Sainchuspóir)** | 8 nDioplóma Gairmiúla |
| **Leibhéal 6 & 7 (Sainchuspóir)** | 8 nDioplóma Gairmiúla (2 cheann le sruthanna speisialtóra) |
| **Leibhéal 6 (Mionábhar & Sainchuspóir)** | 9 dTeastas |

## Líon Mac Léinn

In 2023, chláraigh 1,600 mac léinn san iomlán do chláir oideachais. Bronnadh cáilíochtaí céime agus dioplóma ar 650 céimí ag ár searmanas bliantúil 2023 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Fuair 580 eile teastais OÉ.

## Cláir Saincheaptha & Cláir Nua

Agus ár misean á chomhlíonadh againn, tá an Foras freagrúil i dtaobh cláir a chumasú nach bhfuil ar fáil go héasca in institiúidí eile. Lasmuigh de dhul i ngleic le saincheisteanna leathana sa tSeirbhís Phoiblí, freastalaíonn samhail Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker um fhorbairt cláir ar riachtanais leanúnacha agus sainiúla a eascraíonn mar thoradh ar phríomhstraitéisí rialtais nó roinne.

Leanadh le cláir a forbraíodh d'fhoireann an DPENDR (Dioplóma Gairmiúil i Nuálú na Seirbhíse Poiblí agus Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Caiteachais Phoiblí) le linn 2023, mar aon le seoladh Teastas Gairmiúil nua i nGníomh ar son na hAeráide agus i dTuairisciú Inbhuanaitheachta.

Ina theannta sin, d'fhill clár parlaiminteach na SA ar oibriú iomlán ó earrach 2023. Cuireadh ar sos le linn Covid é mar gheall ar shrianta taistil na mac léinn.

## Samhail Seachadta Cumaisc

Gaisce nach beag in 2023 ab ea samhail seachadta oideachas chumaisc a chomhdhlúthú. Cuireann sé ar ár gcumas teagasc ar líne agus aghaidh ar aghaidh a chumasc thar réimse clár. Forbraíodh é go luath in 2022, de réir mar a cuireadh deireadh le srianta Covid sa bhForas Riaracháin. Cuireann sé ar chumas na mac léinn leas a bhaint as foghlaim sholúbtha mar thairiscint chaighdeánach agus leathnaíonn sé rochtain ar chláir, ag tairiscint réimse níos leithne modhanna do mhic léinn sa bhaile agus thar lear.

Déanann an tsamhail nua seachadta breis agus 1,000 léacht agus seimineár aghaidh ar aghaidh ag an bhForas Riaracháin a chumasc le thart ar 900 seimineár gréasáin agus 500 léacht réamhthaifeadta do 1,600 foghlaimeoir cláraithe gach bliain. Baineadh amach an t-aistriú go modhanna nua foghlama agus coinníodh leibhéil sásaimh na mac léinn agus na léachtóirí ag breis is 90%.

Trí sheachadadh níos solúbtha na gclár a chumasú, tugadh aghaidh ar an gcuspóir sin arb ea freastal ar mhic léinn seirbhíse poiblí, bíodh siad lonnaithe sa tír seo nó go hidirnáisiúnta inár n-ambasáidí nó i gcriosanna ama éagsúla.

## An méid a baineadh amach maidir le Dearbhú Cáilíochta

Tá an próiseas chun na cláir a chur ar bhonn foirmeálta agus an próiseas d'fhaomhadh ollscoile do Dhearbhú Cáilíochta mar bhonn agus taca le caighdeán agus sláine chláir an Fhorais agus, dá bharr sin, leis an gcreidiúnú OÉ a thairgeann siad.

Tar éis di faomhadh a fháil ó Sheanad OÉ in 2022 le haghaidh seacht mbliana eile, chomhlíon Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker a clár Dearbhú Cáilíochta bliantúil don bhliain 2023. Chuimsigh sé seo athbhreithnithe ar gach modúl agus suirbhé ar shástacht na mac léinn, athbhreithniú agus leasú ar bheartais agus nósanna imeachta an Fhorais Riaracháin, tuarascálacha ar staitisticí scrúduithe, forbairtí teagaisc agus foghlama, anailís fostóirí agus aiseolas ó mhic léinn.

Ar ghnéithe suntasacha na ngníomhaíochtaí Dearbhú Cáilíochta in 2023 bhí suirbhé mór ar pháirtithe leasmhara fostóta chun leibhéil sástachta le hábhar agus éifeachtacht na gclár a mheas. D'fhreagair fostóirí go dearfach agus fuaireamar rátaí sástachta os cionn 90% ann thar réimse critéar.

In 2023, rinneamar athbhreithniú críochnúil ar ár n-ábhar foghlama saincheaptha agus chuireamar tús le clár forbartha breise ar na hábhair seo. Rud atá tábhachtach, d'fhorbraíomar treoir agus prótacail nua do léachtóirí chun cur ar a gcumas déileáil le mí-úsáid fhéideartha IS in obair mheasúnaithe.

## Taighde Ardleibhéil

In 2023, chríochnaigh breis agus seasca mac léinn ar chláir mháistreachta (MA, MSc & MEconSc) tráchtais taighde idir 12,000 agus 24,000 focal. Ag an leibhéal dochtúireachta, bhí breis is tríocha mac léinn i mbun obair thaighde trí thascanna 5,000 focal an ceann, tráchtas cleachtais ghairmiúil ina raibh 12,000 focal agus mórthráchtas 50,000 focal.

Bhí buntáistí soiléire ag taighde mac léinn an Fhorais Riaracháin maidir le hanailís polasaí atá bunaithe ar fhianaise agus feabhsuithe ar sheachadadh seirbhíse ar fud na Seirbhíse Poiblí. Tá sé dian ar acmhainní ó thaobh maoirseachta de i bhfianaise na gcomhpháirteanna fairsingithe a tugadh isteach in 2022. Tá sé ag cur éilimh níos déine ar an bhuanfhoireann léachtóireachta i gcónaí.

# 6.2 Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise

## Forbhreathnú ar an Leabharlann

Is ag an bhForas a óstáiltear an t-aon leabharlann speisialtóra sa tír atá dírithe ar riarachán poiblí. Cuireann an leabharlann, atá suite ar Bhóthar Lansdún, seirbhís iasachta, tagartha agus faisnéise ar fáil do mhic léinn, do bhaill foirne agus do bhaill an Fhorais. Fáiltítear freisin roimh fhiosruithe ó thaighdeoirí ar an nguthán nó ar ríomhphost. Cuirtear rochtain ar fáil ar leabhair, ar ríomhleabhair, ar irisí, ar bhunachair shonraí leictreonacha, ar thuarascálacha, ar staitisticí agus ar fhoilseacháin oifigiúla i réimse ginearálta na bainistíochta poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo réimse leathan ábhar lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, coireolaíocht, sláinte, airgeadas, inbhuanaitheacht agus rialtas áitiúil. Daingníodh áit na leabharlainne mar phríomh-acmhainn náisiúnta i réimse na bainistíochta agus an riaracháin phoiblí, agus mar acmhainn luachmhar don rialtas agus don tSeirbhís Phoiblí mar thoradh ar fhorbairt agus coimeádaíocht a dhéanamh go leanunach ar a bailiúchán uathúil.

## Seirbhísí

Is í an fhís atá ag leabharlann an Fhorais Riaracháin ná a bheith ina cuid lárnach agus ina chuid dhílis de phobal an Fhorais agus í ag nascadh ár n-úsáideoirí leis an eolas a theastaíonn uathu chun go n-éireoidh leo. Tá sé mar aidhm ag an leabharlann cultúr cleachtais agus cinnteoireachta bunaithe ar thaighde a chur chun cinn; seirbhísí solúbtha, freagrúla agus ardchaighdeáin a chur ar fáil atá ar aon dul le riachtanais ár gcustaiméirí; agus cuidiú le rath acadúil a chumasú trí scileanna riachtanacha litearthachta faisnéise a chothú. Is é príomh-mhisean na leabharlainne ná rochtain ar an eolas agus ar an taighde is fearr a thabhairt do mhic léinn, d'fhoireann agus do bhaill an Fhorais go tráthúil, agus comhairle a thabhairt maidir le húsáid chuí, chriticiúil agus eiticiúil na faisnéise.

In 2023, lean an leabharlann ar aghaidh ag forbairt a bailiúcháin trí phríomhthéacsanna a cheannach i bhformáidí clóite agus ríomhleabhair. Ina theannta sin roghnaíodh ríomhleabhair rochtana oscailte le cur san áireamh i gcatalóg na leabharlainne, rud a chuir 400 mír nua leis an mbailiúchán. Seachas leabhair agus ríomhleabhair, glacann an leabharlann síntiús le réimse bunachar sonraí leictreonach agus le hrisí ar líne ó sholáthraithe agus foilsitheoirí éagsúla. D'fhéadfadh gur deacair d'úsáideoirí uaireanta nascleanúint agus cuardach a dhéanamh ar na hardáin éagsúla seo ar líne agus mar sin, chun cuidiú leo, chuir an leabharlann leis an tseirbhís nua Aimsitheoir Téacs Iomlán EBSCO. Feidhmíonn sé mar A–Z theideal na n-irisleabhar a nglacann leabharlann an Fhorais Riaracháin síntiús leo ar fud na soláthraithe go léir. Ina theannta sin is bunachar eolais den chéad ghlúin eile é chomh maith le huirlis bhainistíochta na sealúchas, aimsitheoir foilseachán, comhéadan brabhsála irisleabhar agus uirlis réitithe naisc. Is féidir lenár n-úsáideoirí an Aimsitheoir Téacs Iomlán a bhrabhsáil agus a chuardach de réir ábhair nó teidil agus inneachar a bhaineann lena gcuid staidéir a aimsiú agus rochtain dhíreach a fháil ar ábhar ar líne an tsoláthraí ábhair.

Tá sé mar aidhm ag an leabharlann an fhaisnéis agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil san fhormáid is oiriúnaí agus go tráthúil do réimse éagsúil cliant atá scaipthe go geografach. Úsáideann an leabharlann bealaí éagsúla cumarsáide chun a cuid seirbhísí a chur chun cinn. Soláthraíonn leabharlannaithe seisiúin treoshuímh do mhic léinn ag tús na bliana acadúla agus seisiúin eolais do mhic léinn aonair nó do ghrúpaí (ar líne agus aghaidh ar aghaidh) i gcaitheamh na bliana. Ag gach ceann de na seimineáir deireadh seachtaine aghaidh ar aghaidh fochéime agus iarchéime i mí Mheán Fómhair, bhí foireann na leabharlainne ar fáil ag seastán tob-leabharlainne lasmuigh den halla éisteachta chun bualadh le mic léinn, eolas tosaigh a thabhairt dóibh ar sheirbhísí na leabharlainne agus aon cheisteanna a bhí acu a fhreagairt agus iad ag tabhairt faoina gcuid staidéir. Freastalaíonn Ceannaire na Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise ar sheisiúin faisnéise do mhic léinn atá ag tabhairt faoi obair thaighde le haghaidh tráchtais agus cuireann sé comhairle orthu maidir leis an gcúnamh leabharlainne atá ar fáil dóibh.

Tá seomraí léitheoireachta ar fáil chun staidéar a dhéanamh, chun leabhair a léamh agus a fháil ar iasacht, agus chun teacht ar acmhainní leictreonacha. Is féidir le mic léinn leas a bhaint as an tseirbhís leabharlainne ar an nguthán, trí ríomhphost, trí chomhrá gréasáin nó trí rochtain a fháil ar bhunachair shonraí leictreonacha agus ar na mílte alt irise lántéacs trí Moodle. Is féidir ábhair nach gcoinnítear sa leabharlann a iarraidh tríd an tseirbhís iasachtaí idirleabharlainne agus is féidir earraí a sheachadadh i gcóip chrua nó go leictreonach.

Le linn an téarma, bíonn an leabharlann ar oscailt ó 9.15 am go dtí 7.00 pm, Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.00 pm Dé hAoine. Bíonn sé ar oscailt freisin ó 9.00 am go dtí 2.00 pm formhór na Satharn le linn an téarma. Tá eolas iomlán agus cothrom le dáta ar uaireanta oscailte ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Fhorais Riaracháin.

# 6.3 Oiliúint

Soláthraíonn an Rannóg Oiliúna punann mhór seirbhísí oiliúna agus comhairleacha. Freastalaítear ar riachtanais oiliúna agus forbartha na Seirbhíse Poiblí ina hiomláine agus seachadtar torthaí a bhfuil tionchar acu. Dearann sé príomhchláir a bhfuil feidhm ghinearálta leo ar fud na Seirbhíse Poiblí chomh maith le cláir shaincheaptha a chuireann réitigh shaincheaptha ar fáil mar fhreagra ar riachtanais na gcliant ar leith, agus seachadaíonn sé na cláir sin. Chomh maith le cláir atá bunaithe ar eolas agus scileanna, áirítear leo seo seimineáir, comhdhálacha agus líonraí. I measc na gcliant tá ranna agus oifigí rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, institiúidí ardoideachais agus eagraíochtaí neamhbhrabúis. Tá sainchúram uathúil ag an bhForas freastal ar riachtanais oiliúna agus forbartha na hearnála rialtais áitiúil. Oibríonn sé le haon údarás áitiúil is tríocha, an CBCC, GBRÁ, Aontas Rialtas Aitiúil na hEireann agus eagraíochtaí ábhartha.

In 2023, lean scata foirne sainoiliúna na Rannóige ar aghaidh ag soláthar an tsaineolais riachtanach chun dul i ngleic le réitigh cliant agus dul i gcomhpháirtíocht leo, chun ábhar atá cothrom le dáta a dhearadh agus a fhorbairt, agus chun cláir agus réitigh foghlama a sheachadadh, lena n-áirítear a réimse clár creidiúnaithe gairmiúla shaincheaptha um réitigh phoiblí. I measc foirne na Rannóige tá Ceannaireacht agus Bainistíocht, Córais TF/Gnó & Claochlú Digiteach, Bainistíocht Straitéiseach Acmhainní Daonna & Forbairt Daoine, Rialachas, Bainistíocht Airgeadais agus Rialtas Áitiúil. Tá an t-eolas is déanaí ó gach ceann acu leagtha amach thíos. Thacaigh an Fhoireann Forbartha Gnó leis na foirne go léir. Díríodh ar rannpháirtíocht na gcliant a bhainistiú, ar ghníomhaíocht mhargaíochta, ar dheiseanna gnó nua, ar thairiscintí agus ar fheabhsúcháin cháilíochta.

Lasmuigh d'oiliúint, cuireann an Rannóg deiseanna ar fáil d'fhoireann na Seirbhíse Poiblí teagmháil a dhéanamh lena chéile, foghlaim agus líonrú taobh amuigh dá réimsí feidhme chun an aidhm a bhaint amach bogadh amach ó bheith ag féachaint isteach ar a ngnó féin amháin agus dearcthaí earnála níos leithne a chur chun cinn. Thacaigh comhdhálacha agus fóraim ar leith leis an gcuspóir seo le linn 2023, atá le feiceáil san eolas is déanaí thíos.

D'infheistigh an Rannóg chun a gcomhpháirtíochtaí cliant a chothú ar fud na Seirbhíse Poiblí, na Státseirbhíse, an rialtais áitiúil, earnáil na sláinte, an oideachais, agus na gcomhlachtaí stáit tráchtála agus neamhthráchtála, agus na hearnála leasa phoiblí. Chomhoibrigh sé le príomhpháirtithe leasmhara ar dhearadh agus ar sheachadadh réimse cúrsaí poiblí agus clár saincheaptha. Ar an mbealach seo, choinnigh an Rannóg réitigh foghlama a bhí ábhartha agus freagrúil. Bhain sé amach éifeachtúlacht ó thaobh costais de agus caighdeáin den chéad scoth.

Lean an Rannóg ar aghaidh ag baint leasa as réitigh hibrideacha sholúbtha chun rochtain ar fhoghlaim agus ar fhorbairt ag aon am agus in áit ar bith a chumasú. Cuireann sé seo ar chumas fhoireann na Seirbhíse Poiblí in Éirinn agus thar lear teacht ar na réitigh foghlama.

Le linn 2023, chuir an Rannóg thart ar 1,322 lá de sheirbhísí oiliúna agus comhairleacha saindeartha ar fáil dár gcliaint sa tSeirbhís Phoiblí agus ghlac breis agus 13,600 rannpháirtí páirt iontu. Seachadadh 196 cúrsa poiblí/oscailte, cláir creidiúnaithe gairmiúla agus comhdhálacha agus d'fhreastail thart ar 2,400 rannpháirtí orthu.

## Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta

Lean an Rannóg Oiliúna ar aghaidh ag cur chun cinn cumas ceannaireachta agus bainistíochta sa tSeirbhís Phoiblí le linn 2023 agus na réitigh foghlama atá ar fáil á gcur chun cinn ag an am céanna. Tugadh dúshlán do rannpháirtithe an fhoghlaim a aistriú go gníomhach chuig a dtimpeallacht oibre ar mhaithe le leas praiticiúil pháirtithe leasmhara na Seirbhíse Poiblí. Áiríodh leis seo an cumas agus an mhuinín a thógáil chun feidhmíocht a threorú agus a bhainistiú go héifeachtach laistigh den timpeallacht oibre hibrideach.




Sa ghrianghraf (ó chlé) ag Gradaim L&DI 2023 agus Marty Whelan mar óstach don tráthnóna tá Teresa Casserly, Stiúrthóir, Ceannaireacht agus Bainistíocht, an Foras Riaracháin; agus Aisling O'Leary, Príomhoide Cúnta, An tAonad Foghlama agus Forbartha, An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.



Tá Frances Stephenson, Speisialtóir BAD; Maébh O'Connor, Speisialtóir BAD; an Dr Philip Byrne, Stiúrthóir Eatramhach; agus Susan Hawkins, Speisialtóir Ceannaireachta agus Bainistíochta mar chuid den bhfoireann speisialtóra a sholáthraíonn an Clár Forbartha d'Oifigigh Fheidhmiúcháin NSSO.



Cohórt rannpháirtithe NSSO ón gClár Forbartha d'Oifigigh Fheidhmiúcháin saincheaptha arna sheachadadh ag speisialtóirí an Fhorais Riaracháin.

## Fócas in 2023

I gcomhar leis an Státseirbhís, le hearnálacha oideachais, sláinte, ardoideachais agus rialtais áitiúil agus le gníomhaireachtaí stáit, dhear an Foras Riaracháin idirghabhálacha agus chumasaigh sé réitigh chumaisc.

In 2023, seachadadh 434 lá d'fhorbairt shaincheaptha san iomlán do thart ar 3,800 rannpháirtí ar gach leibhéal agus earnáil. Áiríodh ar na cláir Leibhéal Oifigigh Chléireachais go Príomhoifigigh sa Státseirbhís agus Leibhéal 3/Céime go Leibhéal Stiúrthóir Seirbhíse sa Rialtas Áitiúil. I measc na dtopaicí bhí nósanna imeachta na Státseirbhíse go dtí forbairt gráid inniúlacht-bhunaithe, cumas ceannaireachta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus athrú earnála, nuálaíocht i gcultúr eagraíochtúil agus seachadadh seirbhíse do chustaiméirí.

Áiríodh sna cláir do cheannairí sinsearacha agus do bhainisteoirí sinsearacha na creataí agus na teicnící ceannaireachta is déanaí chun athrú oiriúnaitheach a threorú a chumasóidh ceannairí dul i ngleic le dúshláin straitéiseacha agus oibríochtúla. Bhí deis ag rannpháirtithe dul i mbun smaointeoireacht reatha ar thimpeallachtaí oibre fuinniúla a chumasú ina bhfoirne agus ina n-eagraíocht.

Leanadh le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a bheith tábhachtach chun cumas an lucht saothair a fhorbairt i réimsí na bainistíochta ginearálta, na smaointeoireachta straitéisí, agus na scileanna gairmiúla agus speisialaithe, ag cur ar chumas bainisteoirí seirbhísí poiblí a threorú agus a bhainistiú go héifeachtach agus éilimh agus dúshláin amach anseo a réamh-mheas. D'fhan FGL mar chomhpháirt thábhachtach de thairiscint luacha na Seirbhíse Poiblí. Cuireann sí ar chumas daoine a lánacmhainneacht a bhaint amach, a ngairmeacha beatha a fhorbairt agus a n-ardspriocanna pearsanta agus gairmiúla á gcur chun cinn acu ag an am céanna.

I rith 2023 chuir an fhoireann Ceannaireachta & Bainistíochta cláir forbartha ar leith ar fáil d'fhoireann ranna rialtais, oifigí agus gníomhaireachtaí stáit, agus údaráis áitiúla. Dearadh Cláir Forbartha Gráid agus seachadadh iad do bhaill foirne OC, OF, AOF/OR, PC agus PO, ag obair go dlúth le ranna rialtais, oifigí agus le gníomhaireachtaí stáit áirithe. Leanadh den dlúthchomhar leis na Coimisinéirí Ioncaim ar feadh 2023, rud a chuir ar chumas 100 bainisteoir sinsearach a bheith rannpháirteach i bhForbairt Bhainistíochta Shinsearaí do PCanna.

Cuireadh an clár nua, 'The Civil Servant in the Democratic Process', a forbraíodh in 2022 leis an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus le Tithe an Oireachtais in 2023, ar an ngearrliosta mar iomaitheoir sa bhabhta ceannais sa Catagóir um an Comhoibiú F&F is fearr ag na Gradaim L&DI 2023.

Sa rialtas áitiúil, leanadh den éileamh láidir ar chláir Forbartha do Bainisteoirí Líne in 2023 ar gach leibhéal den bhfoireann riaracháin, theicniúil agus ghairmiúil. D'fhorbair na cláir seo cumas na mbainisteoirí a ról a chomhlíonadh maidir le foirne a threorú, feidhmíocht a bhainistiú, tionscadail shuntasacha phoiblí a sheachadadh, próisis éagsúla a chur i bhfeidhm, agus beartas poiblí agus scéimeanna a chur i bhfeidhm ar mhaithe le leas an phobail.

Chun freastal ar an ngá atá le cumas bainisteoirí amach anseo agus bainisteoirí atá ag teacht chun cinn scileanna ábhartha agus praiticiúla a fhorbairt, chuir na cláir Croíscileanna réimse ábhar ar fáillena n-áirítear éifeachtacht phearsanta, scileanna gnó, bainistíocht coinbhleachta, éirim mhothúchánach, athléimneacht, scileanna cur i láthair agus éascaithe.

## Príomhbhuaicphointí na bliana 2023:

**Forbairt Ceannaireachta san Earnáil Rialtais Áitiúil**

Reáchtáladh dhá chlár ar Cheannaireacht sa Rialtas Áitiúil in 2023 agus chríochnaigh 42 rannpháirtí an clár ó dhá údarás áitiúil is fiche. Fuair an clár seo tacaíocht leanúnach ó CBCC agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, chun cumas ceannaireachta a thógáil do leibhéil shinsearacha gairmiúla, theicniúla agus bhainistíochta ar fud an rialtais áitiúil. Dhírigh na cláir ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin cheannaireachta a bhí ag ceannairí rialtais áitiúil i réimsí lena n-áirítear athrú aeráide, inbhuanaitheacht, forbairt

pobail, turasóireacht ghlas agus forbairt eacnamaíoch. Bhí creata inniúlachta lárnaí ceannaireachta, piarfhoghlaim, cóitseáil an duine aonair agus líonrú le bainisteoirí sinsearacha mar bhonn agus mar thaca aige.

**Oiliúint Céimithe Rialtais Áitiúil**

Leanadh le clár Iarchéime an Rialtais Áitiúil i gcomhar le GBRÁ do 147 céimí. Ba thimthriall trí bliana é seo a chuir d'éascaigh forbairt inniúlachta agus meantóireacht trí bhealaí gairmiúla ábhartha chun deimhniúchán a bhí aitheanta ag an tionscal a bhaint amach.

Rinneadh meantóireacht ar na rannpháirtithe go léir chun a bhforbairt ghairmiúil a chríochnú i gceann de na réimsí seo a leanas: Anailísíocht Ghnó, Lean Six Sigma, Caidreamh Poiblí, Scileanna Sonraí, Cleachtas Daoine agus Bainistíocht Tionscadal.

**Cláir Phoiblí**

Seachadadh ocht gclár poiblí is tríocha i bhForbairt Bainistíochta, agus d'fhreastail thart ar 420 ceannaire agus bainisteoir na Seirbhíse Poiblí orthu in 2023. Chuir na cláir deiseanna ar fáil chun naisc a thógáil, chun líonrú a dhéanamh, agus chun peirspictíocht agus scileanna nua a fhorbairt agus feabhas a chur ar an gcumas dúshláin a réamh-mheas agus réitigh nuálacha a chruthú ag an am céanna. Áiríodh sa phunann Forbairt Bainistíochta, Forbairt Gráid, Oiliúint Leathbhreithiúnach, Éifeachtacht Phearsanta agus Scileanna Gnó agus Oiliúint do Bhainisteoirí Líne.

Thug seisear seirbhíseach poiblí déag sinsearach faoin gClár Dúshlán Ceannaireachta, a dhírigh ar cheannaireacht láidir a fhorbairt le creataí chun ról, cuspóir agus nádúr cheannaireacht na Seirbhíse Poiblí a thuiscint. Ag tarraingt ar theoiric agus ar chleachtas na Ceannaireachta Oiriúnaitheach, díríodh ar cheannairí a chumasú castacht cheannaireacht na Seirbhíse Poiblí a thuiscint agus an cumas a fhorbairt ceannaireacht a chur i bhfeidhm le cuspóir shoiléir agus gan staonadh maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin ríthábhachtacha sochaíocha agus eagraíochtúla.

**Teicneolaíocht Faisnéise, Córais Gnó & Claochlú Digiteach, Bainistíocht Tionscadal**

Chuir an fhoireann seo réimse seirbhísí gairmiúla foghlama, oiliúna agus comhairleacha ar fáil i dteicneolaíocht na faisnéise, córais faisnéise, RGCS agus cosaint sonraí, bainistíocht tionscadail agus réimsí gaolmhara. Le linn 2023, lean an t-éileamh ar an Teastas agus an Dioplóma i mBainistíocht Tionscadal agus ar an Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta agus fuair siad aiseolas dearfach i gcónaí. Bhí fás suntasach ar an éileamh ar oiliúint theicniúil maidir le Bainistíocht Tionscadal agus ar Chosaint Sonraí RGCS. Mar fhreagra air sin, seachadadh Deimhniúcháin Bainistíochta Tionscadail (Bunchúrsa agus Cleachtóir PRINCE2 2017®, PMI ACP (Agile), PMI CAPM agus PMI PMP) agus oiliúint RGCS d'eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí ar bhonn saincheaptha.

Leanadh le Bainistíocht Clár, Straitéis na Meán Sóisialta d'Eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí agus oiliúint Microsoft Office mar fhreagra ar éileamh.

D'fhorbair an fhoireann roinnt tionscnamh freisin in 2023: Forbraíodh agus seachadadh clár píolótach, is é sin, Move2ICT, thar ceann Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais. Cáilíonn sé earcaigh TF nua na Státseirbhíse i CompTIA A+, an t-aitheantas TF atá aitheanta ag an tionscal. Reáchtálfar an dara clár píolótach in 2024.

Forbraíodh clár nua cúig lá agus cuireadh ar siúl é d'Oifigigh Cosanta Sonraí na Seirbhíse Poiblí i gcomhar le Líonra OCS na Seirbhíse Poiblí. Tá sé dírithe ar sheirbhísigh phoiblí a bhfuil freagracht orthu as Cosaint Sonraí agus cuireann sé cur chuige agus tuiscint choiteann ar




Cohórt céimithe ó Bhonnteastas i gCleachtas Daoine an Fhorais Riaracháin.

fáil ar phríomheolas agus ar na príomhdhúshláin maidir le cosaint sonraí laistigh den tSeirbhís Phoiblí. Tá dhá chlár eile beartaithe le haghaidh 2024.

Go déanach in 2023, d'oibrigh an fhoireann leis an DPENDR chun deiseanna foghlama agus forbartha ar intleacht shaorga a sholáthar don tSeirbhís Phoiblí.

Éascaíodh comhdháil freisin do cheannairí córais faisnéise na n-údarás áitiúil.

**Bainistíocht Straitéiseach Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine**

Lean an fhoireann um Bainistíocht Straitéiseach Acmhainní Daonna lena proifisiúnú agus le forbairt na foirne Acmhainní Daonna, Foghlama agus Forbartha agus Bainistíochta Líne sa tSeirbhís Phoiblí agus sa Státseirbhís.

**Bonnteastas CIPD i gCleachtadh Daoine**

Sa chéad leath de 2023, chríochnaigh trí chohórt Bonnteastais CIPD 2022/23. Bhí ocht mac léinn is tríocha againn a tháinig ó na Coimisinéirí Ioncaim, ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) agus ó roinnt údarás áitiúil. Sa dara leath de 2023, cuireadh tús le ceithre chohórt seasca mac léinn an ceann ó na Coimisinéirí Ioncaim, an ONSC, roinnt údarás áitiúil, ranna eile agus cliaint ón earnáil phríobháideach.

Chláraigh 97 státseirbhíseach agus fostaithe na seirbhíse poiblí (go príomha ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ón ONSC) don Teastas i gCleachtas Daoine CIPD 2023/24 de chuid na hInstitiúide Cairte Pearsanra agus Forbartha.

**Teastas san Eadráin in Institiúid na nEadránaithe**

Chun freastal ar an spéis leanúnach i gclár Teastas Eadrána an Fhorais Riaracháin, cuireadh cúig chúrsa ar fáil i suíomhanna oscailte agus in-tí, agus tugadh creidiúnú do thriúr rannpháirtí is caoga. 62% díobh a tháinig ón tSeirbhís Phoiblí agus 38% ón earnáil phríobháideach. Seachadadh trí chlár um Bainistíocht Coinbhleachta do Bhainisteoirí freisin.

**Foréigean agus Drochíde Teaghlaigh (DVA) – Clár ríomhfhoghlama**

Dhear foireann SHRM & Forbairt Daoine an clár ríomhfhoghlama DVA le linn 2023 agus d'fhorbair sí é. Is clár oiliúna feasachta féin-luais é seo atá dírithe ar Bhainisteoirí AD, Bainisteoirí Daoine agus gach ball foirne chun cur le leas agus sábháilteacht comhghleacaithe sa timpeallacht oibre. Tugtar tuiscint do na foghlaimeoirí ar nádúr agus ar iarmhairtí an fhoréigin agus na drochíde teaghlaigh. Tá an clár ar fáil ar líne don Státseirbhís (trí OneLearning) agus don tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne (trí IPA LMS).

**Cúrsaí Poiblí SHRM**

Seachadadh cúig chúrsa poiblí is fiche go fíorúil agus/nó aghaidh ar aghaidh chun freastal ar an éileamh ar chláir a bhain le hacmhainní daonna ar scála. Áiríodh ar na cúrsaí seo Earcaíocht agus Roghnú Inniúlacht-Bhunaithe, Gearán agus Araíonacht, Dínit san Ionad Oibre, Bainistíocht Feidhmíochta, seimineáir ar an Dlí Fostaíochta, Saoráil Faisnéise do Dhéantóirí Cinnidh, Sábháilteacht Phearsanta ag an Obair agus Anailís ar Riachtanais Foghlama a Dhéanamh.

**Cúrsaí In-tí agus Cúrsaí Saincheaptha SHRM**

Chomhoibrigh na foirne SHRM agus na foirne Ceannaireachta & Bainistíochta chun clár a cheapadh a bhfuil Creat Inniúlachta na Státseirbhíse PAS mar thaca aige d'oifigigh feidhmiúcháin nuacheaptha san ONSC. Chlúdaigh an clár a lean ar aghaidh ar feadh sé lá, gach ceann de na sé inniúlacht, a dtáscairí feidhmíochta gaolmhara, mar aon le fios gnó gaolmhar ar pholasaí agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna.

De bhreis air seo cuireadh ceardlanna leathlae ar fáil ar an réimse iomlán ábhar a bhaineann le daoine mar fhreagra ar éileamh na gcliant. Bhí éileamh an-ard ar na nithe seo a leanas: Ullmhúchán Agallóra Bunaithe ar Inniúlacht, Oiliúint Agallaí Bunaithe ar Inniúlacht, agus Sábháilteacht Phearsanta ag an Obair/Déileáil le Cliaint Deacra.

Ina theannta sin, seachadadh an clár dhá lá AD do Bhainisteoirí Líne agus an tsraith clár PMDS roinnt uaireanta do bhreis is 400 ball foirne ó chomhairlí contae in údaráis áitiúla éagsúla.

**Cláir Mhodúlacha Ardéilimh**

Chuir foireann SHRM tús le sraith clár gearra modúlacha a dhearadh agus a sholáthar do luchtanna spéise móra (50–100). Seachadadh iad seo ar scála don Státseirbhís agus don tSeirbhís Phoiblí, go fíorúil agus aghaidh ar aghaidh. D'ullmhaigh an fhoireann SHRM go speisialta níos mó ná 1,700 Státseirbhíseach agus Fostaithe na Seirbhíse Poiblí do chomórtais sheachtracha agus inmheánacha ar fud na seirbhíse trí Oiliúint Agallaí Bunaithe ar Inniúlacht a sheachadadh.

**An Fhoireann Rialachais**

Chuir an Fhoireann Rialachais oideachas, oiliúint, comhairleoireacht/comhairliúchán agus tacaíocht cliant ar leibhéal gairmiúil agus le creidiúnú ar fáil sa rialachas do ranna rialtais, comhlachtaí stáit, institiúidí ardoideachais, údaráis áitiúla agus neamhbhrabúis. Lean an treocht réamhmheasta ar éileamh ag ardú. Soláthraíodh tacaíocht freisin do mhodúil rialachais laistigh de chláir iarchéime oideachais an Fhorais Riaracháin – an Teastas Gairmiúil sa Rialachas agus an Dochtúireacht sa Rialachas.

Bhí an Fóram Rialachais ina fhoinse luachmhar comhairle, oiliúna, faisnéise, comhairleachta agus tacaíochta chun an dea-rialachas a mhéadú do bhalleagraíochtaí. Cuireadh béim ar leith ar chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí rialála, institiúidí ardoideachais, ranna rialtais, údaráis áitiúla agus eagraíochtaí seachbhrabúis, leasa phoiblí agus sochair phoiblí. Seachadadh sé imeacht déag do chomhaltaí an bhoird, an chomhlachta rialaithe agus an choiste, don bhfoireann shinsearach agus d'oifigigh ó thart ar 129 balleagraíocht. I measc théamaí na n-imeachtaí bhí dinimic an bhoird, inbhuanaitheacht, cultúr eagraíochtúil, bainistíocht riosca agus dearbhuithe, agus rialachas airgeadais.

Lena chois sin d'éascaigh an Fóram Líonra na gCathaoirleach agus Líonra Rúnaithe Bord freisin, agus d'éascaigh sé tacaíochtaí trí shuíomh Gréasáin an Fhóraim. Lean seirbhísí ag forbairt mar fhreagra ar riachtanais na mballeagraíochtaí agus ar fhorbairtí rialachais. Mar shampla, seoladh sraith nua podchraoltaí, *In the Chair* a bhfuil trí chlár de uaslódáilte ar ardáin sruthaithe.

Mhéadaigh an t-éileamh ar chúrsaí poiblí ar rialachas in 2023 agus cuireadh trí chúrsa poiblí is fiche ar fáil d'eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí ar fhreastail thart ar 300 rannpháirtí orthu. Ina theannta sin, soláthraíodh réimse réitigh oiliúna shaindeartha do bhoird, d'fhoirne sinsearacha agus do bhaill foirne.

**Bainistíocht Airgeadais agus Cuntasaíocht**

Tháinig méadú ar an éileamh in 2023 ar bhainistíocht airgeadais agus ar chumas




Sa ghrianghraf (clé go deas) ag an gcéad imeacht de chuid an Fhóraim Rialachais in 2023, 'Governance Outlook 2023: Economy, Society, Leadership', tá an Dr Tom Ward, Speisialtóir Sinsearach ar Rialachas, an Foras Riaracháin; Patricia Liddy, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Chorcaí; agus Andrew Brownlee, POF, SOLAS.

cuntasaíochta ar fud na hearnála. Chuir an fhoireann tacaíochtaí oideachais, oiliúna agus comhairleoireachta gairmiúla agus creidiúnaithe ar fáil i mbainistíocht airgeadais, i rialachas, i ndearbhú agus in iniúchadh le linn 2023.

Mar fhreagra ar an éileamh méadaithe, cuireadh cúig chúrsa poiblí is tríocha ar fáil, agus d'fhreastail 225 rannpháirtí orthu. Áiríodh orthu seo cúrsaí ar an gCód Caiteachais Phoiblí, Bainistíocht Buiséid, Airgeadas do Bhainisteoirí Neamh-Airgeadais, Cuntasaíocht Vóta, Iniúchadh Inmheánach, Feasacht faoi Chalaois, Airgeadas do Stiúrthóirí Neamhairgeadais (bunleibhéal, idirmheánach agus ardleibhéal) agus Aibíocht Bainistíochta Airgeadais.

In 2023, díríodh mar thosaíocht i gcónaí ar ghairmiúlacht, éifeachtacht agus dea-chleachtas a neartú maidir le hairgeadas, cuntasaíocht, iniúchóireacht agus rialachas sa tSeirbhís Phoiblí. Áiríodh leis an gclár a seachadadh in 2023 Comhdháil do Cheannairí Airgeadais na nÚdarás Áitiúil. Chuidigh dhá chlár poiblí arna gcreidiúnú ag CIPFA, ina raibh an Teastas Gairmiúil i Scileanna Iniúchóireachta á bhaint amach ag rannpháirtithe, le hiniúchadh inmheánach agus éifeachtacht rialachais a neartú. Dhírigh an Teastas creidiúnaithe CIPFA i mBainistíocht agus i gCuntasaíocht Bainistíochta ar an gcleachtas is fearr maidir le costáil agus buiséadú do ghairmithe airgeadais ar fud na Seirbhíse Poiblí.

Chuir an fhoireann Bainistíochta Airgeadais agus Cuntasaíochta saineolas ábhair ar fáil do mhodúil airgeadais i gcláir chreidiúnaithe Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker, lena n-áirítear an Dioplóma i mBainistíocht Sláinte, agus Teastas sa Státseirbhís agus Gníomhaireachtaí Stáit.

I rith 2023 d'oibrigh na foirne Bainistíochta Airgeadais agus Rialachais i gcomhar ar roinnt tascanna rialachais.

**Rialtas Áitiúil**

Lean an Rannóg Oiliúna de bheith mar phríomhsholáthraí seirbhísí oiliúna don rialtas áitiúil in 2023. Chuimsigh na seirbhísí tacaíochtaí earnáiloiriúnaithe oideachais, oiliúna agus comhairleoireachta do na húdaráis áitiúla go léir agus don earnáil tithíochta agus rialtais áitiúil i gcoitinne ar luadh go leor díobh i míreanna níos luaithe sa tuarascáil seo.

Seachadadh cláir atá creidiúnaithe ag OÉ, do 535 ball foirne údaráis áitiúil atá cláraithe trí Scoil Rialtais agus Bainistíochta Whitaker. Ina measc bhí an Teastas i Staidéar Rialtais Áitiúil (372), an Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil (101), an Teastas i Staidéar Tithíochta (42) agus an Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta (20).

Seachadadh aon chlár déag de 'A-Z of Irish Local Government' do 480 ball foirne údaráis áitiúil. Thug siad seo forbhreathnú ar na príomhsheirbhísí agus na príomhphíosaí reachtaíochta atá mar bhonn agus thaca ag seirbhísí údaráis áitiúil, agus tá an t-ábhar sainoiriúnaithe do scéimeanna agus struchtúir an údaráis áitiúil.

Seachadadh dhá chlár Oiliúna Reachtaíochta do bhainistíocht ochtó údarás áitiúil ag an meánleibhéal agus ag an leibhéal sinsearach. Áiríodh orthu seo meascán d'fhíseáin réamhthaifeadta agus seisiúin bheo ar líne a dhírigh ar chroí-eolas agus tuiscint a fhorbairt ar an reachtaíocht reatha a bhaineann le Tithíocht, Pleanáil, Comhshaol, Uisce agus Seirbhísí Bóithre & Iompair.

Ina theannta sin, d'fhreastail 213 rannpháirtí ar chúrsaí poiblí a cuireadh ar fáil sna réimsí seo a leanas: Oiliúint Bainistíochta Fiachais Rialtais Áitiúil, Buneolas ar Thithíocht Shóisialta, Riaráistí Cíosa Tithíochta, Déileáil le hIompar Frithshóisialta agus oiliúint i gCigireacht Cíosa.

**Fóram Tithíochta**

Cuireann an Fóram Tithíochta, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Tithíochta, ardán ar fáil chun eolas a thógáil agus a roinnt faoin earnáil tithíochta. Cumasaíonn tairseach na mball rochtain ar éileamh ar sheimineáir ghréasáin



Sa ghrianghraf (c-d) ag imeacht Líonra na gCathaoirleach i Meán Fómhair 2023 tá George Burke, Cathaoirleach, An Foras Riaracháin; Paschal Donohoe, an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe; agus Helen Brophy, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin.

faoi shaincheisteanna na huaire agus ar stór ábhar acmhainne (tuarascálacha, doiciméid taighde agus litríocht ábhartha). Tacaíonn siad seo le líonra gníomhach cleachtóirí tithíochta ó na hearnálacha tithíochta idir phoiblí, dheonach agus príobháideach.

Reáchtáladh ceithre imeacht de chuid an Fhóraim Tithíochta, a dhírigh ar Ligin Rogha-Bhunaithe, Gníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide, Tithíocht agus Inbhuanaitheacht, Torthaí an Mheasúnaithe ar Thithíocht Shóisialta 2016-2022 agus Rialú Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. D'fhreastail ochtó rannpháirtí ar gach ceann ar an meán. Ina theannta sin, d'fhreastail 240 duine ar Chomhdháil Cleachtóirí Tithíochta 2023 agus d'fhreastail seachtó duine ar Chomhdháil LGDA 2023.

**Forbairt Gnó, Margaíocht agus An Lár-Oifig Áirithintí**

I rith na bliana, lean an Fhoireann Forbartha Gnó ar aghaidh ag cur chun cinn na sraithe clár aghaidh ar aghaidh agus ar líne faoi stiúir speisialtóra, comhdhálacha agus seimineáir ghréasáin atá ar fáil ar fud na Rannóige. Chomh maith le forbairt gnó, margaíocht agus bainistiú fiosruithe cliant agus áirithintí rannpháirtithe, rinne siad bainistiú ar iarratais cliant ar luachana agus tairiscintí sa réimse seo agus rinne siad idirchaidreamh le cliaint agus speisialtóirí comhlacha ar thograí gnó agus sceidealú cúrsaí saincheaptha leis an bhfoireann Ceannaireachta agus Bainistíochta.

# 6.4 Taighde agus Foilseacháin


## Forbhreathnú ar Thaighde agus Foilseacháin


Chuir an Rannóg Taighde agus Foilseachán roinnt tionscadal agus foilseachán i gcrích.

## Taighde

Lean obair na Foirne Taighde ar aghaidh le linn 2023, ag tacú leis an rialtas áitiúil agus náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna beartais casta atá ann ar fud na n-earnálacha. I measc na bpríomhbhuaicphointí in 2023 bhí:

1. Tionscadal taighde a thabhairt chun críche a dhéanann athbhreithniú ar na himpleachtaí a bhaineann le seirbhísí dramhaíola a athbhunú faoi úinéireacht na Cathrach i gCathair Bhaile Átha Cliath thar ceann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: https://councilmeetings.dublincity.ie/ieListDocuments.aspx?CId=152&MId=4938&Ver=4
2. Taighde leanúnach mar chuid den chlár taighde dhá bhliain don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a dhéanann athbhreithniú ar gheilleagar ciorclach agus ar rialachas bithgheilleagair in Éirinn. Foilsíodh athbhreithniú ar shocruithe rialachais i dtíortha inchomparáide eile, a rinneadh mar chuid den chlár taighde, i mí Dheireadh Fómhair: www.ipa.ie/_fileUpload/Documents/GovernanceoftheCircularEconomy3.pdf
3. Cuireadh tús le tionscadal taighde don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus chun moltaí a dhéanamh maidir le hathchóiriú amach anseo.
4. Taighde maidir le treoir na hÉireann agus í a scríobh, mar chuid de chlár taighde na hAS Athchóirithe, Eolas Tíre Riaracháin Phoiblí Eorpaigh (EUPACK): https://reform-support.ec.europa.eu/public-administration-and-governance-coordination/european-public-administration-country-reports_ga
5. Taighde le haghaidh an DPENDR agus Roinn an Taoisigh agus na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ag athbhreithniú acmhainn na Státseirbhíse chun an *Plean Gníomhaíochta Aeráide* a chur i bhfeidhm.
6. Cuireadh ceithre eagrán den irisleabhar *Administration* in eagar lena n-áirítear saineagráin mar chomóradh céad bliain d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus seachtó bliain den iris: https://sciendo.com/journal/admin
7. Cuireadh trí eagrán den iris *Local Authority Times* in eagar. Roinntear go forleathan ar fud an rialtais áitiúil é: www.ipa.ie/research-papers/local-authority-times.4494.html




## Foilseacháin

Chuir an Rannóg réimse seirbhísí foilsitheoireachta ar fáil le linn 2023, lena n-áirítear leabhair a foilsíodh faoi Straitéis Foilsitheoireachta Leabhar an Fhorais Riaracháin, sainchomhairleoireachtaí do ranna rialtais agus foilseacháin taighde a bhaineann lenár bpríomhpháirtithe leasmhara. I measc na bpríomhbhuaicphointí bhí na foilseacháin seo a leanas:

- *Windows on Welfare*, sraith trí leabhar ar na príomhréimsí beartais i stát leasa na hÉireann, leis an Dr Niamh Flanagan, Ollscoil Mhá Nuad;
- *Social Care Work: An Introduction for Students in Ireland*, an ceathrú eagrán, le Kevin Lalor, Perry Share agus Teresa Brown;
- *Ireland – A Directory 2024.*

Thairg Rannóg na bhFoilseachán a saineolas i dtaobh táirgeadh agus bainistiú tionscadal foilsitheoireachta thar ceann eagraíochtaí eile sa tSeirbhís Phoiblí, lena n-áirítear an *Irish Probation Journal*, a táirgeadh thar ceann na Seirbhíse Promhaidh agus an Bhoird Phromhaidh do Thuaisceart Éireann (foilseachán Thuaidh/Theas).



# 6.5 Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha

### Forbhreathnú

Cuimsíonn Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Corparáideacha Airgeadas, TFC, Cibearshlándáil agus Slándáil Faisnéise, Párolla, Soláthar, Eastáit agus Saoráidí, Iniúchadh agus Rialachas.

## 2023: Treo Straitéiseach Nua agus Clár Claochlaithe Uaillmhianach

Bhí struchtúr an chláir oibre CSSD do 2023 bunaithe ar na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i straitéis an Fhorais Riaracháin do 2022–2027, *A New Era of Learning,* agus an clár uaillmhianach claochlaithe a éascaíon cur chun feidhme an phlean straitéisigh. Ghlac Foirne CSSD leis an dúshlán agus chruthaigh siad go han-mhaith ar fud roinnt príomhréimsí agus tionscadal agus iad ag obair i gcomhar le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, i gcomhpháirtíocht lenar gcomhpháirithe seirbhíse tacaíochta. Ar na réimsí sin áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh sin:

- Inbhuanaitheacht Airgeadais an Fhorais: Tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar Chreat Bainistíochta Airgeadais an Fhorais Riaracháin a dhírigh ar struchtúir praghsála, srianadh costais agus cur i bhfeidhm samhail um aisghabháil iomlán costais.
- Rialachas an Fhorais Riaracháin: Céim 1 de lárú feidhmeanna airgeadais a sheachadadh laistigh de Chóras Inmheánach Rialaithe Airgeadais an Fhorais Riaracháin agus feachtas dírithe ar mholtaí oidhreachta iniúchta inmheánaigh a chur i bhfeidhm.
- Fás Straitéiseach: Príomhionchuir a sheachadadh ar dhícheall cuí agus ar chóiríocht infreastruchtúir maidir le gníomhaíochtaí gnó nua na Seirbhíse Poiblí Sinsearaí agus Rannáin OneLearning a ionghabháil.
- TFC & Straitéis Dhigiteach: Áiríodh ar na garspriocanna tábhachtacha a seachadadh comhtháthú LMS OneLearning, anailís ar néalaistriú, aistriú na gcóras chuig an néal, agus éabhlóid inár dtimpeallacht chibearshlándála agus faisnéise.
- Tionscadal Infrastruchtúir an Fhorais Riaracháin: Seachadadh rathúil ar rannchuidiú le Céim 1 agus 2 de Thionscadal Infrastruchtúir an Fhorais Riaracháin, ag díriú ar champas na todhchaí don Fhoras Riaracháin chun seachadadh maidir lena fhís mar Lárionad Sármhaitheasa.

## Gnó mar is gnách

I dteannta leis an gClár Oibre Straitéise agus Athchóirithe 2023, chinntigh foireann CSSD leanúnachas gnó ar thacaíochtaí gnó mar is gnách do Sheirbhísí Oideachais, Oiliúna, Comhairliúcháin agus Forbartha an Fhorais Riaracháin. Trí bheith ag tógáil ar ar baineadh amach sna blianta roimhe seo, níor aithníodh aon bhagairtí cibearshlándála in 2023 agus lean straitéisí maolaithe riosca maidir le cibearshlándáil de bheith éifeachtach.

Chinntigh an Fhoireann Airgeadais gur éirigh linn an comhad iniúchta a chur isteach chuig Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (OCAG), agus tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2023 an IPA agus iad iniúchta ag gabháil leis an Tuarascáil Bhliantúil seo. Chun tacú leis an mBord a bhfreagracht mhuiníneach a fheidhmiú, chomhlíon an Fhoireann Airgeadais na spriocdhátaí go léir maidir le tuairisciú feidhmíochta airgeadais an Bhoird agus Fhochoiste an Bhoird, na cuntais bhainistíochta réitithe míosúla agus ráithiúla san áireamh. Le linn na bliana, rinneadh feabhsuithe go leanúnach ar phróisis ghnó a cheapadh agus a chur i bhfeidhm. Agus é seo á dhéanamh feabhsaíodh timpeallacht rialaithe an Fhorais Riaracháin agus cuireadh tuilleadh feabhais ar Chreat Dearbhaithe an Fhorais Riaracháin.

Dhírigh na Foirne Áiseanna agus Eastát ar laghduithe buiséid a sheachadadh, leanúint ar aghaidh leis na ceanglais comhlíonta dóiteáin, sláinte agus sábháilteachta cuí a chur i bhfeidhm de réir a chéile, agus oibriú leis an nGrúpa Oibre Inbhuanaitheachta chun tairbhí inláimhsithe a sheachadadh maidir le dhntiúir ghlasa an Fhorais Riaracháin.

Agus iad ag obair le comhghleacaithe ar fud an Fhorais, chinntigh pearsanra CSSD gur leanadh de spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach, agus a shárú, agus léirigh siad sármhaitheas agus tiomantas d'fhís agus do mhisean an Fhorais Riaracháin. Leagtar amach thíos príomhréimsí ardfheidhmíochta ar fud an CSSD i dtaobh 2023. Tá buíochas ar leith tuillte ag gach ball foirne, lena n-áirítear ár gcomhpháirtithe teicniúla gnó, a d'oibrigh go han-dícheallach i rith na bliana.

## Sracfhéachaint ar Bhuaicphointí Feidhmíochta

| | |
|---|---|
| MEGA PAY | Próiseáladh 86 babhta párolla ar leith. |
| Integra Centros | Leanadh le hidirbhearta Centros: mórleabhar 4,201 suimeanna iníoctha, mórleabhar 8,482 díolachán. |
| Microsoft Secure Score | Scór slán Microsoft 83.21% – feabhsú 3% ar 2022 (is é an meán domhanda Microsoft 43% d'eagraíochtaí comhchosúla). |
| SONICWALL | Le linn na tréimhse 1 Eanáir 2023 go 31 Nollaig 2023, chuir bonneagar balla dóiteáin an Fhorais Riaracháin cosc ar bhreis agus 800k cur isteach. |
| | Rinne córas Freagartha Braite Endpoint an IPA 'Huntress' anailís ar bhreis is 900,000 loga. |
| | Glacadh leis an Ardán Cumarsáide SharePoint. |
| | Tacaíodh le breis agus 2,606 cruinniú agus 3,100 uair an chloig d'fhíseáin ar Microsoft Teams. |
| | Seachadadh 219 clár thar 8,180 uair ar Zoom. |
| GoToWebinar | Seachadaíodh cláir ar feadh 31 uair an chloig. |
| | Bhí 61,325 amharc agus íoslódálacha. Is ionann sin agus 21,340 uair an chloig d'inneachar thar Panopto. |
| IT SupportPanel | Réitíodh 3,814 ticéad tacaíochta. |

## Iniúchadh agus Rialachas

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta an Foras Riaracháin, carthanas cláraithe a bhfuil dualgas air cloí leis an gCód Carthanas, agus comhlacht atá faoi choimirce an DPEDR agus a bhfuil dualgas air cloí leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016*. Tá an creat dlíthiúil agus rialála casta, agus cuireann sé bonn eolais ar fáil don chóras tuairiscithe airgeadais reachtúil agus bainistíochta atá i bhfeidhm. Déanann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar an bhForas Riaracháin agus ceanglaítear air Ráitis Airgeadais reachtúla a sholáthar de réir FRS 102.

Tagann an Foras faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 ina dhiaidh sin. Leanann an Foras ag obair chun a cuid oibleagáidí faoi na hAchtanna a chomhlíonadh. De réir na nAchtanna seo, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

I ráithe a ceathair, ghlacamar céimeanna ullmhúcháin chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna a chur i bhfeidhm. Bunaíodh grúpa stiúrtha lárnach inmheánach chun a bheith i gceannas ar an ngnó seo. Chuaigh an grúpa seo ar aghaidh ansin agus bhunaigh sé Grúpa Oibre IPA níos leithne um Dhualgas Earnála Poiblí ina bhfuil ionadaíocht ó réimse rannán ar fud na heagraíochta. In 2024 díreoidh sé ar cheisteanna comhionannais agus cearta daonna a bhaineann le cuspóir an Fhorais a aithint agus a chur in ord tosaíochta, agus ar plean gníomhaíochta a dhréachtú a fhoilseofar mar aguisín le straitéis an Fhorais Riaracháin.

Chomhlíon an Foras a cuid oibleagáidí airgeadais agus cánachais le linn 2023, agus lean Bord an Fhorais Riaracháin ag maoirsiú éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh ar fud an Fhorais. Foilsítear an Ráiteas ar Rialú Inmheánach i Ráitis Airgeadais Bhliantúla an Fhorais Riaracháin a ghabhann leis an tuarascáil seo. Lean Coiste Iniúchta agus Riosca an Fhorais air ag maoirsiú chur i bhfeidhm Phlean Iniúchta Inmheánaigh Straitéisigh an Fhorais Riaracháin i rith 2023. Dhírigh sé ar chur i bhfeidhm mholtaí oidhreachta Iniúchta Inmheánaigh a bhrú chun cinn. Chuir gach ceann díobh seo go dearfach leis na socruithe dearbhaithe ar fud na heagraíochta.

## Ionchais Airgeadais don bhliain 2024

*Díríonn straitéis cúig bliana an Fhorais Riaracháin, A New Era of Learning: Strategy 2022––2027,* ar fhás trí nuálaíocht. Fócas straitéiseach tosaíochta don Fhoras Riaracháin do 2023 ab ea athbhreithniú agus athmhúnlú ar bhunghnéithe shamhail airgeadais agus mhaoinithe an Fhorais. Is í an sprioc a bhí leis múnla inbhuanaithe airgeadais a thógáil d'fhonn tacú le seachadadh rathúil Straitéis an Fhorais Riaracháin amach anseo.

I mí na Nollag, d'fhaomh Bord an Fhorais Riaracháin Buiséad 2024 an Fhorais Riaracháin. Tá barrachas beag réamh-mheasta aige, rud a chuireann an Foras Riaracháin ar ais go brabúsacht. Tá an Foras Riaracháin ar an mbóthar ceart chun an barrachas sin a sheachadadh in 2024 agus tá a leachtacht láidir i gcónaí.

Fuair an Foras blocdheontas €2.725m ón DPEDR le haghaidh 2023. Leanann Bord Stiúrthóirí an Fhorais Riaracháin, agus a Fhochoistí, ag déanamh maoirseachta ar fheidhmíocht airgeadais an Fhorais Riaracháin mar chuid dá bhfreagrachtaí muiníneacha.

# 07. Ár gCliaint agus ár gComhpháirtithe



## Le linn 2023 leanamar ar aghaidh ag comhoibriú lenár gcliaint agus ár gcomhpháirtithe luachmhara, a léirítear sa sampla seo a leanas:

Cavan – Comhairle Contae an Chabháin – Cavan County Council

Comhairle Contae an Chláir – Clare County Council

HSE

Cork City Council – Comhairle Cathrach Chorcaí

Westmeath County Council – Comhairle Chontae na hIarmhí

Ollscoil na Gaillimhe – University of Galway

Túsla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach – Child and Family Agency

LGMA – An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil – Local Government Management Agency

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – Dublin City Council

Sligo County Council – Comhairle Chontae Shligigh

Comhairle Contae Thiobraid Árann – Tipperary County Council

NTA – Údarás Náisiúnta Iompair – National Transport Authority

Carlow County Council – Comhairle Chontae Cheatharlach

Maynooth University – National University of Ireland Maynooth

Comhairle Contae Chill Dara – Kildare County Council

Wexford County Council

Revenue – Cáin agus Custaim na hÉireann – Irish Tax and Customs

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige – Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

Roinn an Taoisigh – Department of the Taoiseach

epa

NDA – Údarás Náisiúnta Míchumais – National Disability Authority

Wicklow – Endless Opportunities

An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe – Department of Public Expenditure NDP Delivery and Reform

CIPFA – The Chartered Institute of Public Finance & Accountancy

Comhairle Contae Fhine Gall – Fingal County Council

Garda Síochána

CIPD

Roscommon – Comhairle Contae Ros Comáin – Roscommon County Council

CCMA – Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach – County and City Management Association

mii – The Mediators' Institute of Ireland

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

An Roinn Iompair
Department of Transport

ÚDARÁS UCHTÁLA na hÉIREANN
THE ADOPTION AUTHORITY of IRELAND

the arts council
an chomhairle ealaíon

AHCPS
Association of Higher Civil and Public Servants

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

City of Dublin
Bord Oideachais agus Oiliúna
Education and Training Board

EirGrid

GSOC
Garda Ombudsman
INQUIRY INDEPENDENCE IMPARTIALITY

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

HSA
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

HEA
HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

LEOPARDSTOWN
Park Hospital

Comhairle Contae Chiarraí
Kerry County Council

Oifig Luachála
Valuation Office

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

Kilkenny County Council
Comhairle Chontae Chill Chainnigh

AN LONGFORT CONNECTED
Comhairle Chontae An Longfort
Longford County Council

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

Leitrim County Council
Comhairle Chontae Liatroma

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

comhairle chontae na mí
meath county council

Monaghan County Council

Comhairle Contae Lú
Louth County Council

Laois County Council
Áras an Chontae, Portlaoise, Co. Laois

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

ncse
An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
National Council for Special Education

Offaly County Council
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

Limerick CITY & COUNTY COUNCIL

IPA
An Foras Riaracháin
Institute of Public Administration

57- 61 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath D04 TC62

T + 353 1 240 3600
F + 353 1 668 9135
information@ipa.ie

www.ipa.ie

INSTITUTE OF PUBLIC ADMINISTRATION
AN FORAS RIARACHÁIN